# LEABHARLANN NA NDAOINE, SPÁS NA NDAOINE, TODHCHAÍ NA NDAOINE.

# YOUR LIBRARY, YOUR SPACE, YOUR FUTURE.

PLEAN FORBARTHA MAIDIR LE SEIRBHÍS LEABHARLANNAÍOCHTA
Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge **2017 – 2022**

Waterford City & County Council
LIBRARY DEVELOPMENT PLAN
**2017 – 2022**



# CLÁR AN ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| | Brollach | 3 |
| 1 | Achoimre Feidhmiúcháin | 4 |
| 2 | Réamhrá agus an modh oibre | 7 |
| 3 | Na nithe tábhachtacha? | 15 |
| 4 | An ní a dhéanfar? | 18 |
| 5 | An modh ina ndéanfar é? | 28 |
| 6 | An Timpeallacht Oibriúcháin | 34 |
| | Buíochas | 50 |
| | Aguisíní | 51 |


Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council



Méara Adam Wyse

# BROLLACH

An duine atá i gceist le **"Leabharlann na nDaoine, Spás na nDaoine agus Todhchaí na nDaoine"** agus na cúinsí a chruthú a ligeann dúinn a theacht in inmhe agus faoi bhláth agus féachaint leis sin a dhéanamh chomh mór maith agus a bheadh ionainn.

Tugtar san áireamh le plean straitéise Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta na hathruithe agus an t-ábhar dúshláin a chuirtear roimh dhaoine gach lá agus leagtar amach an ról atá ag na leabharlanna maidir le feabhas a chur ar an saol don uile dhuine i bPort Láirge trí árais, áiseanna agus seirbhísí den scoth a chur ar fáil.

Is maith is eol do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an obair thairbheach a dhéanann an tSeirbhís Leabharlannaíochta maidir leis an bhforbairt leanúnach ar an gCathair agus ar an gContae arna gcónascadh lena chéile. Is craobhchóras tábhachtach na leabharlanna maidir le seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Chontae lena mbaineann spás agus eolas maidir le cúrsaí cultúir, foghlama, taighde, oideachais agus sóisialta. Tá ról buntábhachtach leo mar ionaid na n-eagraítear imeachtaí, taispeántais, cainteanna, seimineáir agus ranganna chomh maith lena bheith ina spás tarraingteach ag an bpobal ina gcruinníonn na daoine agus ina dtugann cláir agus seirbhísí den scoth isteach iad.

*Is craobhchóras tábhachtach na leabharlanna maidir le seirbhísí a chur ar fáil ar fud an Chontae lena mbaineann spás agus eolas maidir le cúrsaí cultúir, foghlama, taighde, oideachais agus sóisialta.*

Baineann Plean Forbartha na Seirbhíse Leabharlannaíochta leis an gcaoi ina ndéanann Seirbhís Leabharlannaíochta Chathair agus Chontae Phort Láirge freastal ar an bpobal agus an stiúir a chuirfear faoin obair sin a dhéanamh go ceann cúig bhliana agus freastal don athrú maidir lena n-éilíonn muintir Chathair agus Chontae Phort Láirge lena linn sin.

Méara Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, an Comhairleoir **Adam Wyse**

An tUasal **Michael Walsh**, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge



# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá an Plean Forbartha seo maidir le Seirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge **“Leabharlann na nDaoine, Spás na nDaoine, Todhchaí na nDaoine“ 2017 – 2022** ar an gcéad Phlean Forbartha maidir le seirbhís leabharlannaíocht an údaráis nua chónasctha.






Is cáipéis inti féin í dá bharr sin ina dtiomsaítear an t-ábhar dóchais ó na Pleananna Forbartha maidir leis na Leabharlanna roimhe seo agus ina bhféachtar leis an stiúir a thabharfar san am atá romhainn ar sheirbhís leabharlannaíochta Phort Láirge a leagan amach.

Sonraítear sé cinn de théamaí sa phlean a mbeifear ag obair ina leith d’fhonn Seirbhís Leabharlannaíochta a chruthú a bhfeictear do mhuintir Phort Láirge gur Seirbhís dá gcuid féin í, gur breá leo leas a bhaint aisti mar sheirbhís dá gcuid féin agus a bhfeictear dóibh gur cuid thábhachtach dá saol a bheidh inti go leanúnach.

Tá Cúrsaí Pobail, Sláinte agus Maitheas an Duine, Oideachas, Cultúr, Fóillíocht agus Cúrsaí Eacnamaíocht le háireamh ar na téamaí sin.

Luaitear aidhmeanna sonracha atá le tabhairt amach i rith ré cúig bhliana an Phlean faoi gach ceann de na téamaí.

**Cúrsaí Pobail:** Is mian linn, in éineacht le pobail an cheantair, Seirbhís Leabharlannaíochta a chruthú a bheidh ina chuid den saol ag an uile dhuine san am atá romhainn.  Is mian linn spás a chur ar fáil don phobal inar féidir le daoine a theacht faoi bhláth, a gcuid samhlaíochta a oibriú agus ceangal a chothú leis an gceantar ina bhfuil cónaí orthu sa chaoi is gur féidir leo a bheith beo bríomhar i bpobal na comharsanachta sin.

**Sláinte agus Maitheas an Duine:** Tuigtear an tábhacht atá leis an tsláinte mar shlat tomhais maidir le sonas mhuintir Phort Láirge.  Is mian linn go mbeadh na leabharlanna in úsáid ag daoine mar ionaid tearmainn na mbeadh suaimhneas acu ó ghnáthchúrsaí an lae, ina dtiocfaidís i mbarr a maitheasa trí thaitneamh a bhaint as áit chiúin, as tapú eolais agus as comhluadar dhaoine eile.

**Oideachas:** Beidh an tSeirbhís Leabharlannaíochta ina bhonn taca faoi dheiseanna oideachais a chur ar fáil don uile dhuine den phobal.  Leanfar den infheistíocht in acmhainní a chuireann ar chumas dhaoine, ó bhlianta na luathóige go dtí an tríú leibhéal agus ina dhiaidh sin, feabhas a chur ar an saol acu.

**Cultúr:** Dlúthchuid den saol ag an uile dhuine againn an cultúr. Bíonn lán na súl agus na gcluas den oidhreacht chultúir ar fáil againn mar gheall ar na leabharlanna, idir na leabhair is fearr a thaitníonn le daoine agus laochra an cheantair. Is ábhar mórtais do Sheirbhís Leabharlannaíochta Chathair agus Chontae Phort Láirge an infheistíocht atá ar bun le fada in oidhreacht an chontae, an fhorbairt atá déanta ar spásanna de chineálacha nua inar féidir le healaíontóirí a theacht i mbarr a gcumais agus an pháirtnéireacht leanúnach le heagraíochtaí pobail trína gcuirtear imeachtaí suntasacha cultúir ar siúl.

Leabharlann Dhún Garbhán

Dungarvan Library




**Cúrsaí Fóillíochta:** Tá tábhacht leis na leabharlanna mar sheirbhís fóillíochta don phobal, trína gcuirtear ar fáil réimse leathan d'ábhar léitheoireachta, scannánaíochta, cluichíochta agus idirlín a spreagann an tsamhlaíocht. Bíonn réimse gníomhaíochta ar siúl sna leabharlanna, mar shampla scéalaíocht, grúpaí scríbhneoireachta do dhéagóirí agus clubanna leabhar do dhaoine de gach aois. Bíonn teacht ar na hacmhainní agus na spásanna fóillíochta sin saor in aisce sna Leabharlanna.

**Cúrsaí Eacnamaíochta:** Cuirfear bonn treise faoi chúrsaí eacnamaíochta go háitiúil trí chuidiú le daoine atá ag lorg fostaíochta, trí fhiontraithe áitiúla a spreagadh le linn chéimeanna tionscanta na fiontraíochta agus trí cheangal a chothú le gnólachtaí áitiúl agus le heagraíochtaí a chuidíonn leis an lucht gnó.

Ionas gur féidir an aidhm atá leagtha amach a thabhairt i gcrích i rith na gcúig bhliana seo romhainn, ní mór cur leis na buanna atá ag rith leis an tSeirbhís Leabharlannaíocht – bonneagar daingean, foireann dhíocasach sháraoilte, comhar dlúthpháirtnéireachta leis an bpobal, gealltanas cistíochta ón gComhairle – agus treisiú leo.

Tá Leabharlanna Phort Láirge ina gcuid thábhachtach de shaol Phort Láirge le breis agus 100 bliain. Rinneadh i rith an ama sin seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir Phort Láirge agus fónamh dóibh le linn a gcuid pátrúnachta. Táthar ag tnúth le neartú breise ar an oidhreacht dhocht dhaingean sin i rith na gcúig bhliana seo romhainn ionas go dtugtar Seirbhís Leabharlannaíochta chun cinn nach é amháin go bhfreastalaíonn sí d'éileamh lucht an cheantair ach go bhfuil sí ina dlúthchuid de ghnáthshaol an lae ag muintir Phort Láirge.



# 2 RÉAMHRÁ AGUS AN MODH OIBRE

# RÉAMHRÁ AGUS CUNTAS AR AN MODH OIBRE

Tá **"Leabharlann na nDaoine, Spás na nDaoine agus Todhchaí na nDaoine"** an Plean Forbartha nua don tSeirbhís Leabharlannaíochta. Leagtar amach ann an aisling maidir leis na leabharlanna i bPort Láirge go ceann cúig bhliana.

Tá athrú mór tagtha ar an tSeirbhís Leabharlannaíochta le tamall anuas. Tharla cónascadh Chomhairle Chontae Phort Láirge agus Chomhairle Cathrach Phort Láirge sa bhliain 2014 gur cruthaíodh Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Tháinig dá thoradh sin Seirbhís Leabharlannaíocht níos mó agus níos fearr a thabhairt chun cinn ag freastal ar an údarás áitiúil nua a dtagann craobhchóras aon bhrainse dhéag agus Ceanncheathrú na Leabharlainne faoina scáth.



Fágann cónascadh na gcomhairlí deis againn dul i gcion ar dhream fairsing daoine agus is mian linne go bhfeicfí do mhuintir Phort Láirge gurb é an leabharlann sin acu féin an leabharlann áitiúil agus go mbeadh spás na leabharlainne in úsáid ní amháin chun taitneamh a bhaint as a bhfuil sa leabharlann ach, anuas air sin, go mbeadh an leabharlann in úsáid ag daoine mar láthair cruinnithe agus go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar an bpobal ina maireann siad mar gheall ar bhearta a bhíonn ar bun sa leabharlann agus iad níos gníomhaí ina mbun sin dá bharr. Is mian linn go mbeadh na leabharlanna in úsáid ag daoine chun cur lena saol féin agus le saol an teaghlaigh. Feictear dúinne gur cuid den bhealach ar aghaidh chuig saol níos fearr ag an uile dhuine na leabharlanna.

Trí oibriú as lámh a chéile agus an comhar a chothú le heagraíochtaí pobail ar fud an Chontae, is féidir ról ríthábhachtacha a bheith leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta i gcraobhchórais éagsúla sna bailte agus faoin tuath. Is léir ó líon na ndaoine a thaithíonn na leabharlanna, agus ó fhigiúirí eile, an t-éileamh atá ar an tSeirbhís Leabharlannaíochta agus an leas a bhaintear as.

I rith na bliana 2015, tháinig 508,900 duine isteach i mbrainsí na leabharlainne, tugadh 514,062 leabhar, dlúthdhiosca, DVD, agus eile ar iasacht, cuireadh



Ceanncheathrú na Leabharlainne

Carrickphierish Library

2,550 ócáid, imeacht, taispeántas agus cruinniú ar siúl. Ceannaíodh ábhar nua agus tá modh níos éifeachtaí curtha ar bun maidir leis an stoc a chur sa timpeall idir na brainsí éagsúla ionas gur mó agus gur fearr an lón ábhair a bhíonn ar fáil i ngach leabharlann an t-am ar fad. Tá de rún againn cur in athuair leis an modh oibre sin i rith ré feidhme an phlean.

Tá leathnú ag teacht ar an tSeirbhís Leabharlannaíochta. Beidh an brainse nua de chuid na leabharlainne i gCarraig Phiarais ina chuid de champas faoi leith ar a mbeidh leabharlann, dhá scoil, áis spóirt agus spásanna pobail. Beidh sochar ón tsócmhainn sin, ní amháin ag muintir na háite, ach ag pobal na Cathrach agus an Chontae i gcoitinne.

Táthar ag glacadh go fonnmhar leis an teicneolaíocht maidir le Leabharlann Oscailte sna brainsí ar fud an chórais ionas gur fearr an teacht a bheidh ag an gcustaiméir ar sheirbhís leabharlannaíochta taobh amuigh de na huaireanta oscailte. Leanfar de na seirbhísí a chur ar fáil do réimse daoine níos fairsinge le seifteanna cóiriúla eile, mar shampla stoc a eisiúint agus a thabhairt ar ais de do stuaim féin, teicneolaíocht nua clódóireachta, r-leabhair agus ceangal ardluais leathanbhanda, a fhágann gur furasta arís an teacht ar an tseirbhís.

Baineann an plean seo leis an obair atá leagtha amach a dhéanamh i rith na gcúig bhliana seo romhainn amach agus na struchtúir taca a theastaíonn ionas gur féidir linn a gcuirtear romhainn sa phlean a bhaint amach. Táthar ag tnúth le seirbhís leabharlannaíocht a thabhairt i gcrích a fhágann go bhfeictear do mhuintir Phort Láirge gurb é an leabharlann sin acu féin í is féidir a úsáid mar spás dá gcuid féin agus go gcuirfidh an t-ionad agus an tseirbhís leis an saol atá amach rompu.

Jane Cantwell

**Jane Cantwell**
Leabharlannaí na Cathrach agus an Chontae

## AISLING

Cuirfear Seirbhís Leabharlannaíochta ar fáil do mhuintir Phort Láirge ar fad atá ina bhonn treise faoi fhorbairt na léitheoireachta, na foghlama, an chultúir agus an phobail ar fad.



## Luachanna

Tá gach a ndéantar agus an meon lena ndéantar é bunaithe ar na luachanna. Tagann aidhmeanna agus cuspóirí a leagtar amach sa Phlean Forbartha seo faoi anáil na luachanna.

**Barr Feabhais:** Féachfar chuige go mbíonn seirbhís ardchaighdeáin ar fáil ag an uile dhuine a bhaineann leas as na leabharlanna agus go gcaitear go cothrom le cách.

**Gairmiúlacht:** Bainfear leas as na scileanna leabharlannaíochta agus faisnéise chun freastal do riachtanais an phobail agus chun a chinntiú go mbíonn an cúnamh taca ar fáil ag an lucht foirne a theastaíonn chun leanacht le seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil.

**Meas agus Tuiscint:** Beidh aird ar an bhfiúntas atá leis an gcultúr sainiúil oibreofar i gcomhar leis na seirbhísí Oidhreachta agus Cartlannaíochta agus leis an bpobal chun saithiúlacht na hoidhreachta áitiúla a chaomhnú agus deis a thabhairt teacht ar an ábhar go háisiúil.



**Spreagadh:** Cuirfear an taitneamh atá le baint as léitheoireacht ar a súile do dhaoine agus cuideofar le daoine foghlaim a dhéanmh ar bhealaí a bhfuil sult agus cruthaitheacht i gceist leo.

**Oscailteacht:** Beidh glacadh againn leis an iléagsúlacht agus leis an saibhreas a bhaineann leis an bpobal agus cothófar caidreamh le réimse daoine chomh forleathan agus is féidir.

**Páirtnéireacht:** Féachfar le páirtnéirí den chruthaitheacht a aimsiú a mbeadh tairbhe ag an leabharlann agus acu féin as an gcomhar eadrainn agus oibreofar le dreamanna seachtracha chun feabhas a chur ar shaol na ndaoine.

**Follasacht:** Beifear ionraic agus freagrach i ndáil le gach ní dá ndéantar.

**Cumarsáid:** Coinneofar ar an eolas faoin teicneolaíocht de na cineálacha is nua ionas gur féidir na seirbhis a chóiriú agus leas a bhaint as an teicneolaíocht chun branda lán bhrí a chruthú don leabharlann a théann i gcionn go forleathan ar dhreamanna éagsúla.

## Ullmhú an Phlean

Tá ceangailte ar Sheirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001 Plean Forbartha Leabharlannaíochta a leagan amach agus a aontú chomh maith le clár oibre maidir le feidhmiú agus forbairt na Seirbhíse Leabharlannaíochta. Foráiltear faoi ailt 78 (5) agus (6) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (níl aistriúchán oifigiúil ar an Acht seo ar fáil):

**(5)** A library authority shall from time to time, or if requested by the Minister, prepare and adopt a programme for the operation and development of its library service (in this section referred to as the "library development programme")

**(6)** Every Library development programme prepared by a library authority under subsection (5) shall include –

**(a)** An outline of the existing library services

**(b)** The development objectives and priorities for the library service

**(c)** The measures taken or proposed to be taken to secure those development objectives

**(d)** The financial or other implications of the library development programme

**(e)** Such other matters as are considered necessary by the library authority or as the Minister may specify in writing.

Ina chomhthéacs sin, chuathas i gcomhairle, le linn an Phlean Forbartha don tSeirbhís Leabharlannaíochta a ullmhú, le daoine den lucht úsáide agus le daoine nach n-úsáideann an leabharlann trí shuirbhéireacht a dhéanamh d'fhonn a gcuid tuairimí faoin tSeirbhís Leabharlannaíochta agus faoi mhodhanna ina bhféadfaí forbairt agus feabhsú a dhéanamh a fháil amach. Rinneadh cur i láthair os comhair an Choiste Polasaí Straitéis agus eagraíodh ceardlann comhairliúcháin leis an gComhairle ina hiomlán. Tionóladh cruinnithe leis an lucht foirne d'fhonn dul i gcomhairle leo faoin bhforbairt a fheictear dóibhsean ba cheart a thabhairt ar an tseirbhís leabharlannaíochta i rith na gcúig bhliana seo romhainn.

## Comhairliúchán Poiblí

Eagraíodh suirbhéanna i rith na bliana 2015, ar dhaoine a úsáideann an tseirbhís agus ar dhaoine nach mbaineann leas as na leabharlanna, mar lón ábhair maidir leis an bPlean Forbartha a ullmhú.

Rinneadh an suirbhé a dháileadh trí bhrainsí na Leabharlainne, seastáin eolais i measc an phobail, láithreán gréasáin na leabharlainne agus an údaráis áitiúil, nuachtlitir na leabharlainne agus áiseanna meán sóisialta an údaráis áitiúil agus na Seirbhíse Leabharlannaíochta. Tháinig 313 suirbhé ar ais, 75 ar líne agus 238 suirbhé clóite. Bhí beagnach 40% de lucht na bhfreagraí a luaigh go dtugtar cuairt gach seachtain ar an leabharlann. Bhí moladh mór i gceist leis na tuairimí a tugadh agus ba léir ar na freagraí a tugadh gur mór le cuid mhór an tseirbhís a bheith ar fáil.

## Cur i láthair os comhair an Choiste Polasaí Straitéise

Mar chuid den obair ullmhúcháin ar an bplean, rinneadh caidreamh leis na comhaltaí tofa agus le hionadaithe pobail trí Choiste Polasaí Straitéise Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le Cúrsaí Tithíochta, Pobail, Cultúir, Spóirt agus Caitheamh Aimsire. Rinneadh cur i láthair maidir leis an bPlean Forbartha trí huaire os comhair an choiste seo agus tugadh tuairimí agus moltaí a luaigh comhairleoirí agus comhaltaí an choiste ag na cruinnithe sin san áireamh agus an plean á ullmhú. Eagraíodh ceardlann comhairliúcháin leis an gComhairle iomlán d'fhonn tuairimí na gcomhaltaí tofa ar fad faoin bPlean Forbartha maidir leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta a fháil.

## Cruinnithe le lucht foirne na Leabharlainne

Cuireadh tús i ndeireadh na bliana 2014 leis an bpróiseas a bhain leis an bPlean Forbartha seo a ullmhú trí shraithe cruinnithe a eagrú taobh istigh den tSeirbhís Leabharlannaíochta. Bhí na Pleananna Forbartha a bhain leis an dá Sheirbhís Leabharlannaíochta a chuaigh roimh chónascadh na n-údarás áitiúil i bhfeidhm go fóill an tráth sin ach, i bhfianaise gá a bheith le plean faoi leith a chruthú don tseirbhís nua, d'fhreastail gach duine den fhoireann ar an gcéad chruinniú agus cuireadh lón smaointe i láthair faoin bhforbairt ba chóir a thabhairt ar an tseirbhís. Eagraíodh cruinnithe do ghrúpaí níos lú ná sin i rith na bliana 2015 agus tiomsaíodh an lón tuairimíochta a chuir daoine den fhoireann i láthair. Thug foireann na leabharlainne faoi anailís SWOT agus faoi anailís PESTLE ag féachaint ar an ábhar dúshláin, ar na buanna agus ar na deiseanna a bheadh ann don tSeirbhís Leabharlannaíochta go ceann cúig bhliana. Eagraíodh cruinnithe breise ar leibhéal an bhrainse freisin ionas go mbeadh ar chumas gach duine den fhoireann páirt a ghlacadh sa phróiseas maidir leis an bPlean Forbartha a ullmhú. Thug daoine den lucht foirne faoi scrúdú dianghéar ar réimsí éagsúla maidir le polasaí agus clár oibre a leagan amach agus faoi cháipéisí oibre a chur i dtoll a chéile a bhí ina chuid den bhunábhar agus an Plean seo á dhréachtadh.

## Comhthéacs an Pholasaí

Tháing ullmhú an Phlean Forbartha seo maidir leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta faoi anáil na gcáipéisí polasaí seo a leanas. Is cáipéisí iad a léiríonn an creatchóras polasaí ar leibhéal náisiúnta, idirnáisiúnta agus áitiúil, a n-oibrítear faoina scáth.

**Áitiúil agus Réigiúnach**

Plean Corparáide Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
http://www.waterfordcouncil.ie/media/plans-strategies/corporate-plan/Waterford%20City%20and%20County%20Council%20Corporate%20Plan%202014%20-%202019.pdf

Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge 2015 - Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge
http://www.waterfordcouncil.ie/media/plans-

strategies/annual-reports/Annual%20Report%20 2015.pdf

An Plean do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2016-2018 – Coiste na Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
http://www.cypsc.ie/_fileupload/Documents/Resources/Waterford/Waterford%20CYPP-2016-2018.pdf

Delivering the Future – Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Chontae Phort Láirge 2009- 2014.

Much more than books – Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Cathrach Phort Láirge 2012-2017
https://issuu.com/emagine.ie/docs/wcl_development_plan

Straitéis Réigiúnach Cultúir don Oirdheisceart – Meitheal Thairiscint na dTriúr Deirfiúracha 2016
www.threesisters.ie

**Náisiúnta**

Deiseanna do Chách – Straitéis maidir leis an Leabharlann Phoiblí 2013 – 2017
http://www.lgma.ie/sites/default/files/public_libraries_strategy_2013_2017.pdf

Tús Áite ag an Duine – Plean Gníomhaíochta maidir le Rialtas Áitiúil Éifeachtach
http://www.housing.gov.ie/sites/default/files/publications/files/putting_people_first.pdf

Cultúr 2025 – An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2016/07/culture_2025_framework_policy_document.pdf

**Idirnáisiúnta**

Leabharlanna Poiblí 2020
http://www.publiclibraries2020.eu

IFLA: Leabharlanna agus Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe a chur i bhfeidhm
http://www.ifla.org/publications/node/10156

UK Department for Culture Media and Sport: Libraries Deliver: Ambition for Public Libraries in England 2016-2021
https://www.gov.uk/government/consultations/libraries-deliver-ambition-for-public-libraries-in-england-2016-2021/libraries-deliver-ambition-for-public-libraries-in-england-2016-2021





# 3 NA NITHE TÁBHACHTACHA?

# NA NITHE TÁBHACHTACHA?

Tá na cuspóirí a chuirimid romhainn go ceann cúig bhliana ag teacht leis na cuspóirí náisiúnta maidir le leabharlanna poiblí de réir mar a leagtar amach in Deiseanna do Chách, an Straitéis Náisiúnta maidir leis an Leabharlann Phoiblí, agus tagann siad faoi anáil na gcuspóirí a leagtar amach i bPlean Corparáide Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.




Tagann na cuspóirí freisin faoi anáil thorthaí na hoibre le linn an phróiseas comhairliúcháin - a bhfuil á éileamh ag an lucht úsáidea agus ag na daoine nach dtapaíonn an tseirbhis; an fhorbairt atá ag teacht ar an bpobal, go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta; an t-ábhar dúshláin a bheidh á chur romhainn ó thaobh cúrsaí teicneolaíochta, athrú ar phátrúin agus ar fhaisin agus cora nua maidir le cúrsaí seirbhíse.

Is léir orthu freisin na nithe a bhfuil tábhacht leo – cairde agus páirtnéirí, an teachtaireacht a spreagadh ar fud an phobail agus na hionaid leabharlainne. Is mian linn freisin a chinntiú go mbíonn ár gcuid acmhainní ar aon dul leis an gcuid is nua, go dtugtar tús áite don fhorbairt ar an lucht foirne agus go mbaintear leas as cora nua ó thaobh na teicneolaíochta agus réimsí nuála eile.

Le linn ré feidhme an Phlean seo, beifear ag obair ar na téamaí seo a leanas a bhfuil tábhacht againn leo:

1. **Ár gcuid Cairde – Comhar Páirtnéireachta leis an bPobal.** Déanfar:

- Ceangal láidir agus caidreamh oibre a chothú le gníomhaireachtaí agus grúpaí eile d'fhonn feabhas a chur ar shaol lucht úsáide na leabharlainne trí acmhainní, imeachtaí agus gníomhaíocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil.
- Dlús a chur leis an gcomhar páirtnéireachta agus le ceangal caidrimh ar fud réimsí uile phobal an cheantair.
- Leas a bhaint as acmhainní foghlama agus as scileanna faisnéise chun cur leis an teacht a bhíonn ag muintir Phort Láirge ar dheiseanna a chuireann lena saol.
- Oibriú i gcomhar leis na seirbhísí Ealaíne, Cartlannaíochta agus Oidhreachta ar bhealaí den chruthaitheacht.

2. **Tábhacht na Leabharlainne a Chur in Iúl – Caidreamh leis an bPobal.** Déanfar:

- Feabhas a chur ar chúrsaí margaíochta ionas gur fearr an tuiscint a bhíonn ar fud an phobail, agus taobh amuigh den cheantar, ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil.

- Leas a bhaint as gach deis a bhíonn ar fáil chun na leabharlanna a chur i láthair na ndaoine trí imeachtaí a eagrú nó leas a bhaint as na meáin chumarsáide agus as na meáin shóisialta.

**3. Spásanna sna Leabharlanna – Árais agus Infreastruchtúr na Leabharlann.** Déanfar:

- Leabharlanna a chruthú ina mbraitheann gach duine den phobal fáilte agus soicheall rompu
- Feabhas a chur ar na hárais ionas gur taitneamhaí iad mar láithreacha don chustaiméir agus don bhall foirne.
- Leabharlann nua de scoth na linne seo a oscailt i gCarraig Phiarais.
- Deiseanna nua teicneolaíochta atá cóiriúil don chustaiméir a chur i bhfeidhm, mar shampla córas féinfhreastail agus córas na Leabharlainne Oscailte ionas go gcinntítear seirbhís leabharlainne ar fáil ag daoine an tráth a dteastaíonn sin uathu.
- Spásanna faoi leith a chur ar fáil ionas gur féidir le foghlaim de réir córais tarlú sna leabharlanna.

**4. Leabhair agus eile - Ábhar stoic agus acmhainní.** Déanfar:

- An stoc is airde caighdeán a roghnú maidir le leabhair, acmhainní closamhairc agus acmhainní ar líne ionas gur féidir réimse leathan léitheoireachta, caitheamh aimsirea agus foghlama a dhéanamh.
- Leanacht de straitéis dhigiteach áitiúil a thabhairt chun cinn ag teacht leis na straitéisí náisiúnta agus cartlann grianghrafadóireachta, bailiúcháin nuachtán agus tuairiscí ginealais a thabhairt san áireamh.
- Teacht a bheith go furasta ar ríomhairí, ar áiseanna priontála agus ar dheiseanna cóipeála.

**5. Coinneáil bord ar bhord le cora nua na linne - An Scáthleabharlann.** Déanfar:

- Scáthsheirbhis leabharlannaíochta a thabhairt chun cinn atá áisiúil ag an uile dhuine le ceangal ardluais leathanbhanda i ngach brainse.
- Leas a bhaint as cora nua maidir le cúrsaí teicneolaíochta chun feabhas a chur ar a mbraitheann an custaiméir.
- Réimsí nua r-acmhainní náisiúnta a chur ar fáil mar chuid den tseirbhís áitiúil.
- Páirt a ghlacadh sa tseirbhís nua náisiúnta maidir le r-leabhair agus r-fhuaimleabhair.

**6. An Fhoireann.** Déanfar:

- Pleanáil maidir le deiseanna oiliúna agus acmhainní a chur i leith ligean do dhaoine den fhoireann scileanna a fhorbairt, cúnamh taca a thabhairt ina leith sin agus a chur ar a gcumas.
- Athbhreithniú go tráthrialta ar réimsí scileanna na mball foirne agus oiliúint a chur ar fáil de réir mar is gá.
- Pleananna áitiúla agus pleananna náisiúnta maidir leis an lucht saothair a chur i bhfeidhm.

**7. Cora nua – Taighde agus Nuáil.** Déanfar:

- Deiseanna páirt a ghlacadh in obair thaighde atá ar bun go háitiúil agus a bhaineann leis an bpobal a thabhairt chun suntais.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla trína gcuirtear bonn faoi obair thaighde agus nuála.
- Moltaí a luaitear i dtionscnaimh taighde náisiúnta a thabhairt i gcrích go tráthúil.
- Tús áite a thabhairt do mhodhanna nua maidir le leas a bhaint as na hacmhainní ar fad, as an lucht foirne, na buiséid, na hionaid agus na spásanna sna leabharlanna.



# 4 AN NÍ A DHÉANFAR?

# AN NÍ A DHÉANFAR?

Tá an Plean Forbartha seo bunaithe ar shé cinn de théamaí for-réise agus is dá réir sin a leagfar amach na straitéisí agus na bearta a thabharfar i gcrích as seo go ceann cúig bhliana.




Leabharlann Ard Caoin

Ardkeen Library

Seo a leanas na téamaí atá i gceist:

**1.** An Pobal **2.** Sláinte agus Maitheas an Duine
**3.** Oideachas **4.** Cultúr **5.** Fóillíocht
**6.** Cúrsaí Eacnamaíochta

## 1. An Pobal

**Is féidir, in éineacht le pobail an cheantair, Seirbhís Leabharlannaíochta a chruthú a bheidh ina chuid den saol ag an uile dhuine san am atá romhainn. Is mian linn spás a chur ar fáil don phobal inar féidir le daoine a theacht faoi bhláth, a gcuid samhlaíochta a oibriú agus ceangal a chothú leis an gceantar ina bhfuil cónaí orthu sa chaoi is gur féidir leo a bheith beo bríomhar i bpobal na comharsanachta sin.**

Leanfar ag cur le ról na Leabharlainne ina gné phoiblí de Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Déanfar:

- Na Leabharlanna a chur chun cinn mar cheann de na seirbhísí príomhthábhachta a oibríonn le dreamanna éagsúla agus leis an bpobal i gcoitinne.
- Ionad na Leabharlainne mar lárphointe don chaidreamh leis an bpobal a chothú.
- A chur ar chumas na foirne cuidiú le daoine acmhainní idirlín na Comhairle, an Rialtais agus eagraíochtaí eile a thapú trí chóras na leabharlainne.

Déanfar cóiriú agus athrú go seasta leanúnach chun dul in oiriúint don athrú a thagann ar riachtanais an phobail. Déanfar:

- Spásanna sochóirithe a chur ar fáil sna leabharlanna is féidir le pobal nó grúpa a úsáid do réimse leathan beartaíochta.
- Gnáthchuid den obair a dhéanamh de thionscnaimh náisiúnta, mar shampla an tSeirbhís Náisiúnta Dáiliúcháin Leabhar agus ballraíocht leabharlainne saor in aisce.
- Margaíocht a dhéanamh ar an réimse leathan cúrsaí agus seirbhísí ar líne atá á gcur ar fáil trí na seirbhísí náisiúnta r-acmhainní agus ar líne.
- Fiosrú a dhéanamh faoin úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na leabharlanna mar ionaid do sheirbhísí pobail eil, mar shampla MABS, Faisnéis don Saoránach agus WWETB.

Tabharfar an deis chéanna ar na leabharlanna agus ar na bailiúcháin do gach duine den lucht úsáide. Déanfar:

- Riachtanais éagsúla an lucht úsáide a thabhairt san áireamh maidir leis na leabhair agus na nithe eile a cheannaítear agus a chuirtear ar fáil.
- An ilchuimsitheacht a chur chun cinn trína chinntiú go mbíonn réimse leathan ag baint leis na hacmhainní a chuirtear ar fáil agus iad tarraingteach ag an uile dhuine.
- A chinntiú go mbíonn na leabharlanna, na bailiúcháin agus na seirbhísí áisiúil go fisiciúil ag an uile dhuine agus ábhar ar fáil i bhformáidí éagsúla.

Déanfar clár leathanréimseach imeachtaí a chur le chéile, a rith agus a éascú trína ndéantar caidreamh a chothú le muintir chomharsanachtaí agus daoine den uile aois. Déanfar:

- Díriú ar na léitheoirí agus an taitneamh atá le baint as an léitheoireacht a chur chun cinn trí imeachtaí litríochta do leanaí agus do dhaoine fásta.
- Tús a chur le Féile Léitheoireachta.
- Cláir den tsamhlaíocht agus den uilechuimsitheacht a chur ar bun a fhreastalaíonn don éileamh atá ar a leithéid agus a spreagann oiread daoine agus is féidir leis na leabharlana a thaithí agus taitneamh a bhaint astu.
- Leanacht den Staidéar ar an gCeantar a chur chun cinn trí chur leis an stoc d'ábhar léitheoireachta, acmhainní nua a fhorbairt agus ábhar suimiúil cartlainne a chur ar fáil trí dhigitiú a dhéanamh air.
- Clár gníomhaíochta maith a chur le chéile, tríd an Ionad don Cheangal Díreach leis an Eoraip, bunaithe ar chlár oibre níos ginearálta na hEorpa féin.
- Na seirbhísí do leanaí a thabhairt chun cinn agus caidreamh a chothú le daoine óga agus le teaghlaigh.

Beifear i mbun caidrimh go seasta leanúnach le grúpaí áitiúla agus leis an bpobal i gcomharsanachtaí éagsúla d'fhonn lón eolais a fhoghlaim uathu agus an tseirbhís leabharlannaíochta a chur i láthair dhreamanna nua agus in ionaid nua.  Déanfar:

- Caidreamh lán bhrí a chothú le grúpaí pobail agus le gníomhaireachtaí eile.
- Páirtnéireacht straitéiseach a chothú le forais thábhachtacha cultúir ionas go n-oibrítear i gcomhar maidir le himeachtaí agus cláir cultúir.

## 2. Sláinte agus Maitheas an Duine

**Tuigtear an tábhacht atá leis an tsláinte mar shlat tomhais maidir le sonas mhuintir Phort Láirge.  Is mian linn go mbeadh na leabharlanna in úsáid ag daoine mar ionaid tearmainn na mbeadh suaimhneas acu ó ghnáthchúrsaí an lae, ina dtiocfaidís i mbarr a maitheasa trí thaitneamh a bhaint as áit chiúin, as tapú eolais agus as comhluadar dhaoine eile.**

Cuideofar le sláinte agus maitheas an duine a chur chun cinn agus beidh an leabharlann ina áit iontaofa maidir le heolas a fháil ar chúrsaí sláinte.  Déanfar

- Cuidiú le daoine cuidiú leo féin trí eolas ardchaighdeáin ar chúrsaí sláinte a chur ar fáil.
- Leabhair, r-Acmhainní agus irisí den chuid is nua faoi chúrsaí sláinte a bheith ar stoc na leabharlainne




- Cur le scil an lucht foirne ionas go mbíonn de mhuinín iontu acmhainní eolais den scoth faoi chúrsaí sláinte a mholadh do dhaoine den phobal.
- Bailiúcháin faoi chúrsaí sláinte agus maitheasa, lena n-áirítear "Power of Words" agus leabhairliosta eile a bhaineann le hábhar a chur ar fáil sna brainsí leabharlainne is mó.

Cuirfear spásanna pobail ar fáil atá sábháilte soicheallach. Déanfar:

- Spásanna sábháilte a chruthú ina dtuigtear don uile dhuine go bhfuil soicheall rompu.
- Páirt a ghlacadh sa chlár náisiúnta maidir le Leabharlanna Oscailte trína gcothaítear tapú níos forleithne ar na leabharlanna.
- Comhpháirtíocht a chothú le gníomhaireachtaí pobail agus le soláthraithe maidir le cúrsaí sláinte d'fhonn cláir a fhorbairt i ndáil leis an réimse seo.

Cinnteofar go mbíonn cláir na leabharlainne ilchuimsitheach agus go dtéann siad i gcionn ar an uile dhuine sa phobal. Déanfar:

- An léitheoireacht a chur chun cinn mar bheart teiripe.
- Cláir léitheoireachta a chur ar fáil trína gcothaítear an fhoghlaim agus an litearthacht.
- Deiseanna do bhearta sóisialta a chur ar fáil, mar shampla grúpaí léitheoireachta agus clubanna beartaíochta.

## 3. Oideachas

**Beidh an tSeirbhís Leabharlannaíochta ina bhonn taca faoi dheiseanna oideachais a chur ar fáil don uile dhuine den phobal. Leanfar den infheistíocht in acmhainní a chuireann ar chumas dhaoine, ó bhlianta na luathóige go dtí an tríú leibhéal agus ina dhiaidh sin, feabhas a chur ar an saol acu.**

Cuirfear deiseanna foghlama maidir le hoideachas luathóige, bunscolaíochta agus iarbhunscolaíochta chun cinn. Déanfar:

- Réimsí do leanaí a bhfuil stoc maith ábhair agus acmhainní iontu a chur ar fáil sna leabharlanna.
- Seirbhís chuimsitheach do Leanaí agus do Scoileanna a chur ar fáil le lucht foirne gairmiúil sároilte.



- Leanacht den chomhar páirtnéireachta a chothú le gníomhaireachtaí oideachais sa cheantar, ina measc Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Coiste Chúram Linbh Phort Láirge agus Bort Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman.
- Acmhainní a chur ar fáil maidir le tionscnaimh foghlama teaghlaigh agus cúnamh taca a thabhairt ina leith.
- Cuidiú le seirbhísí do na scoileanna a chur ar fáil trí chóras na mbrainsí trí iasachtaí fadtéarmacha a thabhairt do ranganna agus do scoileanna.
- Cuidiú le tograí agus tionscnaimh náisiúnta maidir le cúrsaí litearthachta agus uimhearthachta.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí faoi chomhordú náisiúnta, ina measc Lá na Leabhar ar fud an Domhain, Spriocanna Léitheoireachta an tSamhraidh agus Féile Leabhar na Leanaí.
- Comhairle agus cúnamh taca a chur ar fáil maidir le spás leabharlainne a chur ar fáil i scoileanna, bainistíocht a dhéanamh ina leith agus an bailiúchán a fhorbairt.

Oibreofar ar mhaithe leis an bhfoghlaim feadh saoil sna leabharlanna. Déanfar:

- Spás suaimhneach le haghaidh staidéir a chur ar fáil i bpríomhbhrainsí na leabharlainne.
- Deis a thabhairt ábhar neamhfhicsin agus ábhar tagartha d'ardchaighdeán atá ar fáil go háitiúil nó go náisiúnta a thógáil ar iasacht.
- Deis a thabhairt ríomhairí, ceangal ardluais leathanbhanda, an t-idirlíon, WIFI agus inill phriontála a úsáid i mbrainsí na leabharlainne.
- Deis a thabhairt leas a bhaint as cúrsaí agus acmhainní ar líne a chuirtear ar fáil ar bhonn náisiúnta a thapú trí láithreán gréasáin na Seirbhíse Leabharlannaíochta.
- Scéim maidir le hIasacht Dhigiteach a thabhairt chun cinn i gcomhar leis an Oifig Ealaíne ionas gur féidir le daoine trealamh digiteach a thógáil ar iasacht ar aon dul leis an modh ina bhfaightear acmhainní de chuid na leabharlainne ar iasacht.

Tabharfar le tuiscint go bhfuil foghlaim spéisiúil, fiúntach agus fóinteach. Déanfar:

- Cuidiú le daoine i mbun a gcuid gnáthfhoghlama trí léiriú haispeántais a chur ar fáil, trí chúnamh a thabhairt le foghlaim phraiticiúil agus trí áis a dhéanamh maidir le ranganna nuair a bhaineann le hábhar.
- Cainteanna agus seiminéáir a eagrú faoi cheisteanna tráthúla agus faoi ábhar a bhaineann le pobal an cheantair.




- Saineolaithe maidir le réimsí spéise a fhostú chun a gcuid eolais agus an lón taithí atá acu a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil.
- Oibriú i gcomhar leis an tSeirbhís Ealaíne chun Foireann Deiseanna Oiliúna maidir le cúrsaí Digiteacha a chur le chéile trína ligtear don lucht úsáide a gcuid scileanna maidir le trealamh nua digiteach a fheabhsú.

## 4. Cultúr

**Dlúthchuid den saol ag an uile dhuine againn an cultúr. Bíonn lán na súl agus na gcluas den oidhreacht chultúir ar fáil againn mar gheall ar na leabharlanna, idir na leabhair is fearr a thaitníonn le daoine agus laochra an cheantair. Is ábhar mórtais do Sheirbhís Leabharlannaíochta Chathair agus Chontae Phort Láirge an infheistíocht atá ar bun le fada in oidhreacht an chontae, an fhorbairt atá déanta ar spásanna de chineálacha nua inar féidir le healaíontóirí a theacht i mbarr a gcumais agus an pháirtnéireacht leanúnach le heagraíochtaí pobail trína gcuirtear imeachtaí suntasacha cultúir ar siúl.**

Féachfar chuige go gcruthaítear agus go gcothaítear cultúr léitheoireachta. Déanfar:

- Léitheoireaht agus seirbhísí léitheoireachta a bheith i gcroílár chlár seirbhísí na leabharlainne.
- Scríbhneoir Cónaitheach a fhostú chun bonn a chur faoi thionsnaimh agus cláir léitheoireachta sna leabharlanna.
- Réimse de bhearta cúnta maidir le comhairle don léitheoir a thabhairt chun cinn, ina measc moltaí ón lucht foirne, bearta bolscaireachta, tionscnaimh éagsúla agus branda nua a thabhairt isteach don tseirbhís.
- Athbhreithniú a thabhairt uair sa bhliain ar an bpolasaí cuimsitheach maidir le forbairt na mbailiúchán ionas go gcinntítear go mbíonn na bailiúcháin stoic ar ardchaighdeán agus ag teacht le saol na foilsitheoireachta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- A chinntiú gur daoine den fhoireann le hoiliúint ghairmiúil agus taithí chuí a dhéanann an stoc ábhair a roghnú.
- Díriú ar na léitheoirí agus an taitneamh atá le baint as an léitheoireacht a chur chun cinn trí ócáidí litríochta, clubanna leabhar, údair ar cuairt, Sprioc Léitheoireachta an tSamhraidh, Féile Leabhar do Pháistí agus Deireadh Seachtaine Scríobhnóirí Phort Láirge.
- Oibriú i gcomhar le scoileanna áitiúla, le seirbhísí cúram linbh agus le seirbhísí oideachais do dhaoine fásta chun cur lena mbaineann gach duine sa phobal de leas as an léitheoireacht.
- Clár bliantúil d'imeachtaí ardchaighdeáin a mbíonn éagsúlacht ag baint leo agus a bhíonn bunaithe

ar leabhair agus ar údair a chur ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí ar fud chóras bhrainsí na leabharlainne.

- Caidreamh idir léitheoirí a spreagadh agus fairsingiú a thabhairt i gcrích ar réimse na ngrúpaí léitheoireachta sna leabharlanna agus cúnamh taca a thabhairt maidir le grúpaí léitheoireachta eile i measc an phobail.

Leanfar d'ábhar a bhfuil tábhacht leis ó thaobh chultúr an cheantair a chosaint, de chúnamh a thabhairt maidir lena chur ar fáil agus dá chinntiú go mbíonn teacht go háisiúil air. Déanfar:

- Leanacht d'ábhar agus d'acmhainní a fhoilsítear go háitiúil, i ngach cineál formáide, a cheannach agus a chur chun cinn.
- Leanach den chlár digitiúcháin maidir le hábhar áitiúil agus ábhar oidhreachta a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Roinn Cartlannaíochta.



- Plean Gníomhaíochta maidir leis an Staidéar Áitiúil a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.
- Leas a dhéanamh maidir le Plean Oidhreachta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a fhorbairt.
- Comhoibriú a dhéanamh ar leibhéal an réigiúin maidir lena thabhairt go mbíonn teacht go háisiúil ar acmhainní a bhfuil tábhacht ar bhonn réigiúnach leo.
- Leanacht den Staidéar Áitiúil a chur chun cinn trí thionscnaimh, clinicí, seisiúin ghrúpaí, taispeántais, cainteanna agus seimineáir a eagrú agus páirt a ghlacadh i bhféilte náisiúnta, mar shampla an tSeachtain Oidhreachta.
- Bealach nua digiteach a chur ar fáil trína mbíonn teacht ar acmhainní áitiúla ar líne, ina measc, bailiúcháin grianghrafadóireachta, seanpháipéir nuachta agus irisí áitiúla.
- Cúnamh taca a thabhairt maidir le seirbhísí cúnta i ndáil le cúrsaí ginealais a chur ar fáil agus a leathnú
- Oibriú i gcomhar le comhlachtaí turasóireachta i ndáil leis na seirbhísí leabharlannaíochta atá ar fáil don chuairteoir a chur chun cinn.
- Páirt a ghlacadh i bhféilte náisiúnta, mar shampla an tSeachtain Oidhreachta, Féile Leabhar na bPáistí agus Féile na Bealtaine.
- Comóradh a dhéanamh ar ócáidí stair, mar shampla Ceiliúradh Chéad Bliain 1916, le clár bríomhar de léachtaí, taispeántais agus ceardlanna.
- Comhar páirtnéireachta straitéiseach a chothú le hiarsmalanna, dánlanna agus cartlanna tábhachtacha, agus le gníomhaireachtaí eile ealaíne



agus cultúir, d'fhonn comhoibriú maidir le hócáidí agus imeachtaí cultúir trína gcuirfí saoithiúlacht na hoidhreachta cultúir i láthair do mhuintir Phort Láirge agus do chuairteoirí.

- Bonn treise a chur faoi úsáid na Gaeilge agus an teanga a chur chun cinn mar dhlúthchuid de réimsí oibre uile na leabharlainne.

Leanfar de na leabharlanna a fhorbairt ina n-ionaid cultúir. Déanfar:

- Clár bliantúil a bhreithniú agus a chur le chéile ag oibriú ar bhonn áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta d'fhonn comhar páirtnéireachta a chothú trína gcinntítear go mbíonn teacht cothrom ag muintir an cheantair ar acmhainní cultúir.
- Scríbhneoir Cónaitheach a fhostú chun ceardlanna agus seimineáir a dhéanamh le daoine de gach aois.
- Úsáid as na leabharlanna mar spás taispeántais do thaispeántais ardchaighdeáin a chur chun cinn.
- Cláir a chur le chéile trína gcothaítear cleachtadh níos forleithne ar réimsí éagsúla den chultúr, ina measc séasúir scannánaíochta sna leabharlanna, coirmeacha ceoil agus cláir phobail maidir le cúrsaí ealaíne i gcomhar le soláthraithe eile i réimse an Chultúir san údarás áitiúil.
- Oibriú maidir leis na tionscnaimh i ndáil le Contae atá Cóiriúil ag Daoine Aosta d'fhonn an chruthaitheacht a chur chun cinn i measc na ndaoine aosta le himeachtaí de leithéid Fhéile na Bealtaine a leanann ar feadh míosa
- Oibriú faoin Straitéis Cultúir Réigiúnach ionas go gcuirtear cláir le chéile i gcomhar le páirtnéirí ar fud an réigiúin.

## 5. Fóillíocht

**Tá tábhacht leis na leabharlanna mar sheirbhís fóillíochta don phobal, trína gcuirtear ar fáil réimse leathan d'ábhar léitheoireachta, scannánaíochta, cluichíochta agus idirlín a spreagann an tsamhlaíocht. Bíonn réimse gníomhaíochta ar siúl sna leabharlanna, mar shampla scéalaíocht, grúpaí scríbhneoireachta do dhéagóirí agus clubanna leabhar do dhaoine de gach aois. Bíonn teacht ar na hacmhainní agus na spásanna fóillíochta sin saor in aisce sna Leabharlanna.**

Cuirfear leis an tseirbhís trí dheis a thabhairt ar acmhainní agus ar dheiseanna fóillíochta. Déanfar:

- Ballraíocht leabharlainne saor in aisce don uile dhuine a chur chun cinn ar fud an phobail ar fad.
- Clár gníomhaíochta agus imeachtaí den éagsúlacht a chur le chéile do dhaoine de gach aois agus de gach réimse spéise.

Cuirfear spásanna fóillíochta ar fáil. Déanfar:

- Spásanna suaimhneacha a chur ar fáil do dhaoine de gach aois a mbeadh fonn orthu iad a thaithí agus taitneamh a bhaint astu.
- An pobal a spreagadh chun na leabharlanna a úsáid mar ionaid do chruinnithe agus d'imeachtaí eile.

Treiseofar leis an léitheoireacht mar bheartaíocht fóillíochta.  Déanfar:

- Stoc ardchaighdeáin de chuid is nua a choinneáil ar fáil sna leabharlanna i bhformáidí fisiciúla agus i bhformáidí digiteacha.
- Leanacht den fhorbairt ar an lucht foirne ionas gur féidir leo comhairle agus cúnamh a chur ar fáil don chustaiméir maidir le hábhar léitheoireachta a roghnú.
- Freastal a dhéanamh ar Chlubanna Leabhar i mbrainsí uile na Leabharlainne.

Déanfar comhoibriú le páirtnéirí áitiúla chun imeachtaí ardchaighdeáin a chur ar siúl. Déanfar:



- Caidreamh a chothú le heagraíochtaí pobail agus cuidiú leo imeachtaí a eagrú i spásanna de chuid na leabharlainne.
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i bhféilte agus in imeachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

## 6. Cúrsaí Eacnamaíochta

**Cuirfear bonn treise faoi chúrsaí eacnamaíochta go háitiúil trí chuidiú le daoine atá ag lorg fostaíochta, trí fhiontraithe áitiúla a spreagadh le linn chéimeanna tionscanta na fiontraíochta agus trí cheangal a chothú le gnólachtaí áitiúl agus le heagraíochtaí a chuidíonn leis an lucht gnó.**

Tá ról tábhachtach leis na leabharlanna maidir le bonn treise a chur faoin bhfiontraíocht agus faoin bhfostaíocht i gCathair agus i gContae Phort Láirge. Déanfar:

- Páirt a ghlacadh sa tionscadal píolótach náisiúnta trína gcuirtear Seirbhísí Leabharlannaíochta chun tosaigh le daoine den lucht gnó agus daoine atá ag cuardach poist.
- An fhorbairt ar acmhainní gnó i mbrainsí na leabharlainne atá tairbheach, dírithe agus bord ar bhord leis an aimsir a chinntiú.
- Clár imeachtaí, taispeántas agus ócáidí eile a fhorbairt le LEO, INTREO agus gníomhaireachtaí eile.
- Réimse den láithreán gréasáin a fhorbairt ionas go ndírítear aird ar sheirbhísí gnó agus fostaíochta agus go gcuirtear cúnamh agus eolas ar fáil don lucht nuála agus do na daoine atá ag lorg fostaíochta faoi dheiseanna a bheadh ar fáil dóibh.



- Na moltaí a eascraíonn ón gClár Píolótach Náisiúnta maidir le Gnó, Fiontraíocht agus Fostaíocht a chur i bhfeidhm.

Déanfar maitheas maidir le forbairt eacnamaíochta an réigiúin. Déanfar:

- Cuirfear an tuiscint agus an úsáid maidir le heolas gnó agus acmhainní eolas gnó chun cinn.
- Ceanglófar agus cothófar socruithe comhpháirtíochta le gníomhaireachtaí eile a bhaineann le hábhar maidir le bonn treise a chur faoi bheartaíocht gnó agus nuála.

Cuirfear spás ar fáil ina gcothaítear an tsamhlaíocht agus an nuáil. Déanfar:

- Áiseanna, trealamh, seomraí cruinnithe agus ionaid eile a chur ar fáil saor ó tháille don lucht gnó.
- Ceangal ardluais leathanbhanda/gan sreang a chur ar fáil i ngach brainse de chuid na leabharlainne.

Tabharfar faoi bhéim breise a chur ar chuidiú le turasóireacht chultúir. Déanfar:

- Treisiú leis na prionsabail maidir le forbairt réigiúnach a bhí mar dhlúthchuid de Thairiscint na dTriúr Deirfiúracha agus déanfar comhoibriú le leabharlanna agus gníomhaireachtaí eile ar fud an réigiúin d'fhonn cláir agus tograí den rath a thabhairt chun cinn.
- Páirt a ghlacadh i bhféilte áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus cuidiú le féilte den chineál sin.



# 5

# AN MODH INA NDÉANFAR É ?

# AN MODH INA NDÉANFAR É?

Le go mbeimid in ann na bearta a leagtar amach sa phlean seo a bhaint amach ní mór dúinn tacaíochtaí a shocrú. Áirítear ar na tacaíochtaí sin ní hamháin ár gcuid foirgníochta agus acmhainní ach forbairt foirne agus maoiniú chomh maith.

## Taighde agus Forbairt

**Tapóimid gach deis a fhaightear chun bheith páirteach i dtionscnaimh taighde agus forbartha náisiúnta.**



Má dhéanfaimid sin agus má ghlacfaimid páirt i dtaighde agus i bhforbairt ar leibhéal áitiúil nó réigiúnach beidh cion tairbhe á dhéanamh againn maidir leis an tseirbhís leabharlainne todhchaíoch, agus beifear ag cur bailiúchán, seirbhísí agus clár níos ábhartha chun cinn ar mhaithe le húsáideoirí. Ta sé mar aidhm againn ar feadh shaolré an Phlean Forbartha seo gach a liostáítear thíos a chur chun feidhme:

- Clárphleanáil agus imeachtaí a chur chun cinn i leabharlanna d'fhonn na rudaí ar ábhar suime iad don phobal a léiriú, ag obair i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.
- Plean Staidéir Áitiúil a chur i dtoll a chéile d'fhonn na cláir dhigitithe agus an gá atá le seirbhísí ar bhonn áitiúil a léiriú, agus d'fhonn tionscnaimh a chuirfidh le cláir náisiúnta agus a bheidh ina léiriú orthu a chur chun cinn.
- Plean Sláinte agus Folláine a chur le céile d'fhonn caighdeán maireachtála níos fearr a chinntiú ar fud limistéar feidhme an údaráis áitiúil.
- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh taighde agus forbartha náisiúnta a leithéidí an tionscadal náisiúnta um Fhiontar Gnó agus Sheirbhísí Fostaíochta.
- Naisc a chur chun cinn ar fud an réigiúin ar bhonn náisiúnta agus Eorpach ag tógáil ar an gcaidreamh a rinneadh trí EDIC (Ionad Faisnéise Europe Direct) agus trí thairiscint an Triúr Deirfeár.

## Bonneagar Caipitil

**Bunús na seirbhíse Leabharlainne is ea foirgnimh na Leabharlainne.**

Tá i seilbh againn meascán d'fhoirgníocht oidhreachta, d'fhoirgnimh bunaidh Carnegie agus de struchtúir nua-aimseartha idir iad a saintógadh agus iad a cuireadh in oiriúint lena n-úsáid mar leabharlanna. Glacaimid go dáiríre mar chúram orainn féin spásanna mealltacha a chur ar fáil d'úsáideoirí agus beimid ag infheistiú, más

féidir, sa bhonneagar atá againn ar na bealaí a leanas thar shaolré an phlean forbartha:

- Tabharfaimid faoi iniúchadh foirgníochta a dhéanamh maille le clár cothabhála foirgníochta bunaithe ar thorthaí an iniúchta.
- Tabharfaimid faoi iniúchadh a dhéanamh ar atchóiriú brainsí leabharlainne agus cuirfear clár athchóirithe i dtoll a chéile bunaithe ar thorthaí an iniúchta.
- Osclóimid an leabharlann nua ag Carraig Phiarais.
- Cuirfimid Leabharlanna Oscailte chun feidhme i gcás brainsí oiriúnacha leabharlainne laistigh dár líonra.
- Déanfar staidéar ar a riachtanaí atá sé áis leabharlainne níos mó a chur ar fáil i dTrá Mhór agus sa chás go meastar gur gá roghanna atá indéanta a chur chun cinn.

## Bailiúcháin agus Acmhainní

**Go traidisiúnta, bhí ról straitéiseach ag seirbhísí leabharlainne maidir le hacmhainní agus le cumhacht a sholáthar do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail áitiúla a bhfuil athruithe sóisialta, eacnamaíochta agus teicneolaíochta ag gabháil dóibh chun déileáil leo.**

Bunchuid de Pholasaí Forbartha na mBailiúchán is ea a admháil go bhfuil ardchaighdeáin na mbailiúchán leabhar agus na n-acmhainní eile mar bhonn taca ag feabhas seirbhís custaiméara. Ar feadh shaolré an Phlean Forbartha Leabharlainne seo cinnteoimid:

- Go dtagraítear do Pholasaí Forbartha na mBailiúchán ar bhonn leanúnach agus go dtabharfar chun dáta é ar feadh shaolré an Phlean Fhorbartha
- Déanfaimid cinnte de go gcuirfear leis an gciste cothromais atá againn gach bliain céim ar chéim leis na treoirlínte náisiúnta.
- Beimid páirteach i bhforfheidhmiú na seirbhísí nua a chuirfear ar fáil trí chuibhreannas na ríomh-acmhainní Náisiúnta.
- Beimid páirteach sa Soláthar Náisiúnta Stoc Leabharlainne.

## Acmhainní Tacaíochta do Chlárphleanáil agus do Sheirbhís

**Oibríonn an tSeirbhís Leabharlainne i gcomhar le réimse leathan d'eagraíochtaí grúpaí sa Chathair agus sa Chontae.**

Aibhsítear a thábhachtaí atá leabharlanna maidir le freastal a dhéanamh do chomhtháthú pobail sa straitéis "Deiseanna do Chách".



Baineann tábhacht le clárphleanáil imeachtaí laistigh dár gcuid Leabharlanna agus leis na tacaíochtaí a chuirimid ar fáil d'eagraíochtaí seachtracha maidir le gníomhaíochtaí eile a tháirgeadh ó thaobh an modh a mbímid ag idirghníomhú agus ag cabhrú leis an bpobal. I rith na cúig bliana den Phlean Forbartha rachaimid i mbun gnímh maidir leis na bearta a leanas:

- Déanfaimid cláir imeachtaí a phleanáil chun tacú le cláir náisiúnta, mar shampla Seachtain Oidhreachta, Féile Leabhar na bPáistí, Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh agus Féile na Bealtaine.
- Déanfaimid cion oibre maidir le féilte áitiúla a chlárphleanáil.
- Déanfaimid ár n-imeachtaí agus féilire na n-imeachtaí a bhainistiú ionas go mbeidh teacht ar ghníomhaíochtaí ar fud líonra na mbrainsí.
- Forbróimid meicníocht mheastóireachta do na himeachtaí agus don chlárphleanáil uile atá bunaithe ar leabharlann agus eagraithe ag leabharlann.




## An Lucht Saothair

**Tabharfar tús áite d'oiliúint agus d'fhorbairt foirne i gcomhréir le "Deiseanna do Chách".**

Aithnítear faoin straitéis "Deiseanna do Chách" tábhacht an lucht saothair maidir le Seirbhís Leabharlainne a sholáthar, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá oiliúint spriocdhírithe i ndáil le hidir cheannaireacht agus shainscileanna a bhaineann le leabharlann.

Cuirfear an Plean Lucht Saothair Náisiúnta do Leabharlanna i bhfeidhm le linn shaolré an Phlean Forbartha seo agus i gcomhréir leis sin táimid ag súil leis:

- Go gcuirfimid an Plean Lucht Saothair Náisiúnta do Leabharlanna i bhfeidhm agus go suiteálfaimid an struchtúr foirne inmholta le linn shaolré an phlean seo.
- Go n-oibreoimid leis an roinn Achmhainní Daonna d'fhonn a chinntiú go líonfar gach folúntas.
- Go mbeidh an leibhéal cuí de phearsanra gairmiúil agus de phearsanra tacaíochta ar fáil mar fhoirne sna brainsí leabharlainne.
- Go gcuirfimid clár oiliúna sonrach chun cinn a bheidh bunaithe ar na riachtanais a ainmníodh sa Measúnú Riachtanais Oiliúna agus go n-oibreoimid i gcomhar le roinn na nAchmhainní Daonna chun deiseanna a thabhairt don fhoireann freastal ar oiliúint reachtúil agus ar oiliúint níos ginearálta de réir mar a bheidh fáil orthu.
- Go gcuirfimid an bpróiseas PMDS i bhfeidhm agus go spreagfaimid an fhoireann chun riachtanais oiliúna agus forbartha gairme ábhartha a shonrú.



## Teicneolaíocht

**Tagann dúshláin teicneolaíochta nua chun cinn i leabharlanna gach lá le linn dóibh cabhair a sholáthar do chustaiméirí chun úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chliste is déanaí, nó le linn dóibh córais nua a chur chun feidhme a bhfuil sé d'aidhm acu saintaithí ar an leabharlann agus fáil ar an saintaithí sin a éascú.**

Ionas go mbeimid in ann gluaiseacht buile ar bhuile le teicneolaíochta an todhchaí agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin lena mbaineann déanfaimid na bearta a leanas le linn saolré an Phlean Forbartha:

- Leanfaimid de uasghrádú a chur chun feidhme maidir le córas Bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta.
- Cuirfimid an córas sainaithint radaimhinicíochta, RFID "radio frequency identification", i bhfeidhm ar bhonn céimnithe ar fud na líonraí brainse.
- Déanfaimid iniúchadh teicneolaíochta agus déanfaimid ríomhairí, réitigh phriontála agus WIFI nua, a mbeidh teacht orthu ag foirne agus ag an bpobal, a uasghrádú agus a shuiteáil de réir mar a mheastar go bhfuil gá leo.
- Beimid ag riar ar na riachtanais teicneolaíochta maidir le Leabharlanna Oscailte agus na réitigh a shocróimid cuirfimid chun feidhme iad.
- Déanfaimid cinnte de go gcuirfear an fhoireann faoi oiliúint maidir le húsáid na teicneolaíochtaí nua de réir mar a chuirfear i bhfidhm iad.

## Margaíocht agus Cumarsáid

**Cuid tábhachtach dár gcuid oibre is ea cluas éisteachta a fháil do teachtaireacht na Leabharlainne. Baineann tábhacht le margú seirbhísí don phobal ionas gur féidir leo taitneamh a bhaint as gach sochar a chuireann an tSeirbhís Leabharlainne ar fáil, úsáid a bhaint as an tsócmhainn is leabharlann ann iarbhír, agus bheith páirteach i gcláir leabharlannbhunaithe.**

Thar shaolré an phlean forbartha déanfaimid:

- Straitéis margaíochta spriocdhírithe a cheapadh ar bhonn an chomhairliúcháin agus an taighde a rinneadh le inn dúinn an phlean seo a ullmhú.
- Branda so-aitheanta a chruthú don Leabharlann agus sraith d'ábhar poiblíochta ar ardchaighdeán a dhearadh.
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail agus i dtionscnaimh mhargaíochta náisiúnta.
- Rachaimid i mbun páirtíochta ar bhonn gníomhach leis na meáin chumarsáide áitiúla le linn dúinn imeachtaí, gníomhaíochtaí agus taispeántais a reáchtáil.
- Táirgí agus seirbhísí idir shean agus nua a chur chun cinn trí bhíthin láithreán gréasáin na

leabharlainne, asraonta meán sóisialta agus láithreachtaí eile ar líne.

## Comhoibriú agus Comhpháirtíochtaí

**Is rí-thábhachtach dúinn an obair a dhéanaimid i gcomhar leis an bpobal. Bímid go gníomhach sa tóir ar dheiseanna oibre i gcomhpháirtíocht le heagrais áitiúla agus le grúpaí pobail.**

Tá an comhoibriú le comhghleacaithe inmheánacha laistigh den údarás áitiúil tábhachtach freisin i dtaca lenár gcuid oibre. Cuirimid comhpháirtíochtaí chun cinn ar bhonn gníomhach laistigh de ghrúpáil Chultúir an údaráis áitiúil agus i réimsí eile a leithéidí Spórt, Gnóthaí Corparáideacha agus Forbairt Eacnamaíochta. Maidir le comhpháirtíochtaí a chur chun cinn le linn shaolrú an Phlean Forbartha áirítear na bearta a leanas:

- Beidh caidreamh comharoibre á chur chun cinn againn leis na heagraíochtaí ar cuid de Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Phort Láirge iad.
- Rachaimid i mbun páirtíochta le húdaráis áitiúla réigiúnacha agus náisiúnta eile sa chóras náisiúnta maidir le hiasacht stoic údaráis idirleabharlainne.
- Beimid ag obair i gcomhar le féilte áitiúla agus le heagraíochtaí áitiúla chun clárphleanáil chultúrtha dár gcuid a chur chun cinn.
- Beimid rannpháirteach san Fhóram Oidhreachta agus oibreoimid i gcomhar leis an gCartlannaí chun ár bplean um Staidéar Áitiúil agus Dhigitiú a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.
- Beimid ag obair i gcomhar leis an Oifig Ealaíon chun imeachtaí comhoibríocha a sholáthar.
- I gcomhar le húdaráis eile sa réigiún beimid rannpháirteach i gceapadh na Straitéise Cultúrtha Réigiúnaí.
- Forbróimid tuilleadh comhpháirtíochtaí leis an aonad um Fhorbairt Eacnamaíochta agus le LEO chun an tionscadal Gnó, Fiontair agus Seirbhís Fostaíochta a sholáthar.

## Leithdháileachán Maoinithe

**Tapóimid gach gach deis chun teacht ar thionscnaimh a mhaoinítear go náisiúnta chun tuilleadh forbartha a chur ar an tSeirbhís Leabharlainne. Beimid ag obair ar bhonn áitiúil leis an gComhairle chun feabhas a chur ar chiste leabhair na Leabharlainne ó bhliain go chéile d'fhonn na caighdeáin náisiúnta a bhaint amach.**

Fagfaidh próiseas an bhuiséid bhliantúil gur féidir Cláir Chaipitil a fhorbairt ionas go mbeifear in ann riachtanais bhonneagair na Seirbhíse Leabharlainne a riar.

- Cuirfear leis an gciste leabhair ar feadh shaolré an phlean seo d'fhonn stocáil an bhrainse nua ag Carraig Phiarais a chumasú.
- Beidh stocáil á déanamh ag an gciste leabhair in 12 ionad ar bhonn bliantúil.
- Beidh fírinniú buiséid ann don chomhairle ar bhonn bliantúil chun na méaduithe is gá leis an tagarmharc náisiúnta a mheaitseáil a chur ar fáil.
- Ar feadh shaolré an Phlean seo cuirfimid faoi bhráid na comhairle an gá atá le huasghrádú a dhéanamh ar an gciste leabhair ionas go mbeifear in ann a bheith rannpháirteach go hiomlán sna pleananna náisiúnta maidir le stoc iasachta leabharlainne a chur i gcúrsaíocht.



# 6 AN TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN


# AN TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## An Pobal seo againne

**Bunaíodh Údarás Áitiúil Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in 2014 tar éis d'aon údarás amháin a bheith déanta de Chomhairle Cathrach Phort Láirge agus de Chomhairle Contae Phort Láirge.**

- Tá achar talún de 1,835.57 km2 i bPort Láirge.Tá 62 dhuine in aghaidh an km2 i bPort Láirge, méid is ionann agus 92.5% den mheán ó thaobh dhlús daonra an Stáit de.
- Tá daonra de 113,795* dhuine i gCathair agus i gContae Phort Láirge.
- I mí Iúil 2016 bhí 10,810 duine ar an mbeochlár i gContae Phort Láirge.

DAONRA





## Páistí agus daoine óga

**Is ionann líon na bpáistí faoi bhun ceithre bliana d'aois agus 7.6% den daonra, líon níos lú ná an meán náisiúnta de 7.8%.**

Is ionann líon na bpáistí idir 5-12 agus idir 13-17 agus 11.3% agus 6.5% faoi seach den daonra; Is airde na céatadáin sin ná na meán náisiúnta (11% agus 6.3%).

PÁISTÍ AGUS DAOINE ÓGA





*Daonáireamh CSO 2011

## Oideachas

**Tá 77 mbunscoil, 19 meánscoil, agus aon choláiste tríú leibhéal amháin i gCathair agus i gContae Phort Láirge.**

OIDEACHAS




## Teanga

**Is iad Béarla, Gaeilge, Polainnis, Fraincis agus Liotuáinis na príomhtheangacha a labhraítear i bPort Láirge**

Orthu sin a labhraíonn teanga iasachta sa bhaile tá Béarla maith nó an-mhaith ag 78.3% acu. Tá daonra de 1,784 i nGaeltacht Phort Láirge, méid is ionann agus 1.7% de dhaonra na Gaeltachta ina hiomláine.


## Sláinte agus folláine

**Ainmníodh Port Láirge in 2016 mar Chathair Shláintiúil na hEagraíochta Domhanda Sláinte faoi Chéim VI de chlár Líonra Eorpach na gCathracha Sláintiúla.**

## Míchumas

**Is ionann líon na ndaoine faoi mhíchumas agus 13.7% den daonra.**

MÍCHUMAS



## Turasóireacht

**Bíonn Port Láirge ina hóstach gach bliain do 76 fhéile a mbíonn téamaí éagsúla i gceist leo mar atá scríbhneoireacht, cnocadóireacht, amharclann sráide, ceol agus bia.**

- Chuir Port Láirge fáilte roimh 590,000 cuairteoir sa bhliain 2014.
- Is trí chreidiúnú na Brataí Corcra a thugtar aitheantas do chathair a mbainistítear a lár go sábháilte istoíche.
- In 2015 ainmníodh an Lios Mór mar an Bhaile Beag is Fearr Turasóireacht in Éirinn ar bhonn Náisiúnta in aitheantas ar a tharraingtí atá saibhreas uathúil oidhreacht an bhaile don turasóir.

CUAIRTEOIRÍ




## Spórt


**Tá traidisiúin láidir ag Port Láirge i leith spóirt idir GAA agus gaif.**

Tá réimse leathan d'áiseanna spóirt ar fáil ar fud an chontae idir chlubanna leadóige agus staidiam le saoráidí spóirt den scoth.

## Cultúr

**Tá saibhreas agus éagsúlacht ag baint le saol cultúir Phort Láirge lena n-áirítear ealaín thraidisiúnta cheoil, scríbhneoireacht, ceardaíocht, amharclannaíocht agus spórt.**

CULTÚR






Tá an chuid is mó de na hasraonta foirmiúla cultúrtha sa Chontae suite sna hionaid uirbeacha de Chathair Phort Láirge agus de Dhún Garbhán ar a bhfuil siad dírithe; bítear ag díriú freisin sna leabharlanna brainse i gceantair fhorimeallacha agus in ionaid phobail sna ceantracha tuaithe ar ghníomhaíocht chultúrtha a sholáthar dá bpobal.

## Geilleagar

**Feidhmíonn Port Láirge mar bhonn oibríochta do roinnt cuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ardphróifíle a oibríonn in earnálacha miondíola, cúram sláinte, bithchógaisíochta, cógaisíochta agus comhsheirbhísí agus i dtionscail turasóireachta.**

## Timpeallacht oibriúcháin inmheánach

**Laistigh de Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge is cuid í an tSeirbhís Leabharlainne den Stiúrthóireacht Chorparáideach, Ealaíon, acmhainní daonna agus IS agus tuairiscíonn sí do Stiúrthóir na Seirbhísí. Feidhmíonn Leabharlannaí na Cathrach agus an Chontae ar an gCoiste um Polasaí Straitéiseach maidir le Tithíocht, Pobal, Cultúr, Fóillíocht agus Spórt, agus is é nó í an Feidhmeannach Sinsearach a ghlacann le freagracht as Cultúr agus as na hEalaíona.**

Tuairiscíonn an tSeirbhís Leabharlainne do na cruinnithe agus do na coistí a leanas:

- Ar bhonn míosúil, do Chruinniú Iomlánach na Comhairle.
- Ar bhonn ráithiúil, do gach cruinniú Dúiche sna ceantracha mar atá: Dún Garbhán, Lios Mór, an Comarach agus Ceantar na Cathrach.
- Uair sa choicíos, don Choiste um Polasaí Straitéiseach maidir le Tithíocht, Pobal, Cultúr, Fóillíocht agus Spórt.

Déanann foireann na Leabharlainne cion tairbhe maidir leis an bhFóram Oidhreachta, le 'Tionscnamh na Cathrach Tacaithe do Dhaoine Breacaosta', agus le ceiliúradh Comóradh 1916 i bPhort Láirge.

Oibríonn foireann na Leabharlainne i bpáirtíocht le Cartlannaí an Chontae, leis an Oifigeach Oidhreachta agus le hOifigigh Ealaíon chun sraith léachtaí a tháirgeadh, chun bailiúcháin a dhigitiú agus chun imeachtaí féile a reáchtáil gach bliain.

## Soláthar Foirne

**Is coibhéiseach an líon foirne atá fostaithe ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus 39 duine lánaimseartha, agus cuirtear 285 uair an chloig de sheirbhísí leabharlainne ar fáil ar fud na cathrach agus an chontae gach seachtain.**




| GRÁD | UIMHIR (Coibhéis lánaimseartha) |
|---|---|
| Leabharlannaí na Cathrach agus an Chontae | 1 |
| Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach | 2 |
| Leabharlannaí Feidhmiúcháin | 6 |
| Leabharlannaí Cúnta | 3.8 |
| Oifigeach foirne | 2.9 |
| Cúntóir Leabharlainne Sinsearach | 8 |
| Cúntóir Leabharlainne | 11.7 |
| Leabharlannaí Brainse | 1.8 |
| Oifigeach Cléireachais | 1.8 |

Tá an leibhéal oideachais ag an bhfoireann ard; tá cáilíochtaí Leibhéal 9 ag 15% den fhoireann, agus cáilíochtaí leabharlainne ag Leibhéal 8 nó níos airde ag trí dhuine dhéag (29%) den fhoireann.

Bíonn an fhoireann ag gabháil do raon leathan d'fhorbairtí cláraithe gach bliain. Cuimsítear sna cúrsaí oiliúna sin cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, oiliúint maidir le polasaí agus nós imeachta agus cláir oiliúna a bhaineann go sonrach le leabharlann.

Cuirtear seirbhísí tacaíochta ar fáil do na brainsí ó thaobh istigh den líonra de 11 leabharlann bhrainse agus de Cheanncheathrú na Leabharlainne.

Bíonn an fhoireann i gCeanncheathrú na Leabharlainne gafa le pleanáil straitéiseach, le riarachán seirbhíse, le hairgeadas, le soláthair agus le seirbhísí bibleagrafaíochta. Déantar réimsí feidhme eile ar a

n-áirítear TFC, éadálacha, staidéir áitiúla, seirbhísí do leanaí, margaíocht, forbairt seirbhísí léitheoirí agus feidhmeanna gairmiúla eile a bhainistiú agus a dháileadh ar fud líonra na leabharlanna.

Áirítear ar na polasaithe forbartha foirne atá ann faoi láthair:

- Oiliúint ar bun i mbrainsí Leabharlainne maille le ionduchtú le haghaidh baill foirne nua.
- Modúil sainoiliúna leabharlainne agus deiseanna oiliúna don fhoireann go léir de réir mar a bheidh fáil orthu.




- Meantóireacht do bhaill foirne i mbonn staidéir le haghaidh cáilíocht ghairmiúil sa leabharlannaíocht.
- Grúpaí oibre nua ina bhfuil foireann ó ar fud na láithreacha agus na ngrád uile ag díriú ar réimsí soláthar seirbhíse ar leith.
- Deiseanna ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a léiríonn féin i gcultúr foghlama foriomlán rannán na leabharlainne.
- Oiliúint éigeantach agus shonrach de chuid údaráis áitiúil ar fáil trí roinn Acmhainní Daonna an údaráis áitiúil.
- Athbhreithnithe tráthrialta ar riachtanais forbartha agus oiliúna tríd an bpróiseas CBFF (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta).
- Comhpháirtíochtaí agus Comharobair Údaráis Áitiúil, Pobail agus agus Náisiúnta.

## Seirbhísí, Soláthar Seirbhíse agus Feidhmiúchán i láthair na huaire

**Tá 11 brainsí poiblí ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge faoi láthair, maille le ceanncheathrú atá suite go lárnach ar imeall Chathair Port Láirge.**

Tá na cúig bhrainse mhóra suite i gceantracha ina bhfuil daonra suntasach - mar atá an Leabharlann Lárnach i Lár Chathair Phort Láirge, Leabharlann Dhún Garbhán, Leabharlann Ard Caoin, agus Leabharlann Thrá Mhór. Cuireann Leabharlanna an Leasa Mhóir agus Bhóthar Brown seirbhís ar fáil do dhaonraí níos lú ach suntasacha mar sin féin, agus tá brainsí againn sna sráidbhailte: Ceapach Choinn, Port Lách, Coill Mhic Thomáisín, Dún Mór, agus Tulach an Iarainn. Tá Leabharlann Charraig Phiarais suite ar theorainn na cathrach ó thuaidh agus ní hamháin go gcuirfear seirbhís ar fáil inti don daonra áitiúil ach déanfar í a fhorbairt mar mhol pobail ionas go mbeidh tarraingt uirthi ag úsáideoirí ó dhaonra na cathrach agus an chontae i gcoitinne. Tá Ceanncheathrú riaracháin na seirbhíse Leabharlainne bunaithe i gCathair Phort Láirge.

Tá teacht anois ag úsáideoirí leabharlainne ó ar fud an Chontae ar réimse níos leithne maidir le stoc agus le hacmhainní ar líne, agus dá bharr sin sé tá an úsáid méadaithe. Bainfear úsáid as sceideal soláthair comhordaithe a chinntíonn seachadadh tráthúil stoic ar fud líonra na mbrainsí chun iasachtaí idirbhrainse a éascú.

Sa chéad bhliain iomlán dúinn i seirbhís mar chomhúdarás in 2015, d'eisíomar 508,432 earra stoic ábhartha, agus 5630 earra ríomh-acmhainne. In 2015, tháinig 508,900 dhuine ar cuairt ar na brainsí, eagraíodh



2,550 ceann d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí agus bhí 16,063 dhuine ina mbaill ghníomhacha de sheirbhís na leabharlainne, méid ab ionann agus nach beag 14% den daonra.

Cuireadh le huaireanta oscailte i leabharlann Thrá Mhór agus athraíodh na huaireanta oscailte i leabharlann an Dún Mhóir Thoir chun freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na bpobal.

Ní hamháin go mbeidh luach ar airgead á chur ar fáil de thoradh an bhuiséid chomhcheangailte cheadaithe ach ina theannta sin cuirfear níos mó leabhar agus ábhair eile i gcúrsaíocht trí líonra na mbrainsí. Bhí méadú ar án ábhar a soláthraíodh do na brainsí is mó, agus ar an soláthar ráthaithe do gach brainse sa líonra gach seachtain, mar gheall ar chur i bhfeidhm an sceidill lóistíochta nua maidir le soláthairtí agus bailiúcháin. Chumasaigh forbairt Cheanncheathrú na Leabharlainne mar mhol seachadta, cur i gcúrsaíocht stoic saor ó bhuaireamh ar fud an líonra.

Chumasaíonn clárphleanáil straitéiseach imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar bhonn bliantúil ar fud líonra na Leabharlanna breis rannpháirtíocht phobail, breis taitnimh ag an bpobal ar an tseirbhís, agus úsáid níos éifeachtaí den mhaoiniú atá ar fáil.

Tá dul chun cinn déanta maidir le comhpháirtíochtaí le grúpaí pobail áitiúla agus le féilte. Bhíothas i mbun oibre sa tSeirbhís Leabharlainne chun roinnt tionscnamh a chur chun feidhme agus a chur chun cinn lena n-áirítear:

- Féile Leabhair do Pháistí, 'The Towers and Tales'.
- Leabhair Bla Bla i gcomhar le Comhpháirtíocht Limistéar Phort Láirge.
- Scéalta Snuggle (Leabhair do naíonáin) i gcomhpháirtíocht le Coiste na Seirbhísí do Páistí agus do Dhaoine Óga.
- Féile Scríbhneoirí Phort Láirge gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.
- "Well Festival", Féile Sláinte agus Folláine i gcomhpháirtíocht le hIontaobhas na nEalaíon Sláinte agus le Lána Garter.

Lena chois sin reáchtálann an tseirbhís clár imeachtaí iomlán don bhliain a thugann taca do chláir náisiúnta, mar shampla Seachtain na Gaeilge, Féile na Bealtaine, Seachtain na hOidhreachta agus Féile Leabhar na bPáistí.

Tá an brainse leabharlainne nua i gCarraig Phiarais á chur chun cinn mar mhol pobail i gcomhar leis an gComhpháirtíocht Spóirt, le naisc phobail agus leis an dá scoil in aice léi. Go comhuaineach le forbairt na seirbhísí Leabharlainne beidh réimse gníomhaíochtaí spóirt agus sóisialta ar siúl.

Sa leabharlann fíorúil atá ann faoi láthair tá teacht ar ríomhacmhainní - (leabhair, irisí agus fuaime) agus tá fáil freisin ar áiseanna taighde mar atá ábhar ginealeolaíochta, nuachtáin agus bailiúcháin de



ghrianghrafanna digitithe. Tá cianphriontáil ar fáil sna brainsí leabharlainne is mó.

Ar na seirbhísí for-rochtana áirítear cuairteanna tráthrialta ar scoileanna, imeachtaí arna n-eagrú ag leabharlann in ionaid sheachtracha, agus soláthar tráthrialta de roghanna leabhar do scoileanna agus do thithe altranais.

Cuirtear roinnt imeachtaí ardphróifíle ar fáil do pháistí gach bliain trínár gclár do Pháistí agus Scoileanna mar atá Féile Leabhar na bPáistí agus imeachtaí spriocdhírithe eile. Tá Bailiúchán na nAcmhainní do Mhúinteoirí ar fáil trí líonra na mbrainsí; is mó múinteoirí a bhaineann úsáid as an tseirbhís sin agus a chuireann luach uirthi agus tá teacht go héasca uirthi ar fud an chontae.

## Na Bailiúcháin seo againne

**Is saintréith an líon mór d'eagraíochtaí comhcheangailte agus an traidisiún fada maidir le spéis sna healaíona agus sa chultúr, den phobal a gcuireann Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge seirbhís ar fáil dóibh, pobal a bhfuil grúpaí atá éagsúil ó chéile ó thaobh riachtanais foghlama agus faisnéise de.**

Tá sé den riachtanas go ndéanfaí anailís ar na pobail éagsúla agus go dtabharfaí tosaíocht do sheirbhísí de réir riachtanais ainmnithe d'fhonn ábhar a roghnú agus d'fhonn bailiúcháin a chur chun cinn trína léireofar an comhthéacs sóisialta, teicneolaíoch agus eacnamaíoch níos leithne a bhaineann le comhshaol oibre daoine aonair, teaghlach agus grúpaí.

Mar bhonn taca leis an misean atá ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge "saoirse curtha in iúl idéanna atá riachtanach do shaoránaigh eolasacha a chaomhnú agus a spreagadh", aontaíonn agus seasann sí go hiomlán le ceart an duine aonair ar eolas agus ar na hábhair a chuireann le foghlaim, le rannpháirtíocht shibhialta agus le mianach saoil. Ina cáil mar sheirbhís ar feadh-saoil, faigheann an Leabharlann seilbh ar bhailiúcháin; ansin déantar iad a eagrú agus a chur ar fáil do pháistí, do dhaoine fásta óga, do dhaoine fásta níos sine agus do dhaonraí agus

do ghrúpaí úsáideoirí eile a bhfuil riachtanais shonracha acu; cabhraítear leo dá réir réitigh phraiticiúla a fháil ar fhadhbanna laethúla agus cuirtear deiseanna léitheoireachta cruthaithí ar fáil dóibh.

Tabhair idirghabhálacha arna maoiniú ón gciste poiblí dá bhrí sin ar na bailiúcháin a chuirtear ar fáil sa leabharlann ar mhaithe le deiseanna gach saoránaigh ar rannpháirteachas sóisialta, cultúrtha, oideachasúil agus eacnamúil a fheabhsú.

Rátáiltear gach bailiúchán sa suíomh ina bhfuil sé ar scála ó an-mhaith go dona agus is aiseolas na sonraí na rátála sin a mhúnlaíonn tosaíochtaí maidir le cúrsaí ceannaithe agus bainistiithe stoic. Meastar riocht an stoic mar bhuntháscaire maidir le caighdeán na seirbhísí iasachta tríd is tríd. Déanann na próisis bhainistithe stoic mhíosúla, lena n-áirítear úsáid a bhaint as critéir díroghnaithe a leithéidí riocht agus aois míreanna faoi leith sna bailiúcháin, freastal do mheas láithreach a dhéanamh mar 'go maith' ar an mbailiúchán ina iomláine, ar chuntar go dteastódh feabhsúcháin i roinnt bailiúchán ainmnithe agus i roinnt suíomh.

Ar feadh shaolré an Phlean Forbartha seo déanfaidh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iarracht an caiteachas stoic per capita molta de Ð3.99 in aghaidh duine den daonra, a sholáthar.

## Úsáid Teicneolaíochta

**Sa bhliain 2016 chuir Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge Sierra i bhfeidhm mar chuid de Chéim a Dó de thionscadal náisiúnta an Chórais Bhainistíthe Leabharlainne (CBL). Rialaíonn an córas sin an tslí a ndéantar ábhar a catalógú, agus i gcás bhaill an phobail, an tslí a n-eisítear ábhar chucu, a dtugtar ábhar ar ais, agus a n-iarrann siad ábhar ar an leabharlann, agus na seirbhísí a bhfuil fáil orthu agus conas teacht orthu. Bhí oiliúint shubstaintiúil foirne in úsáid an chórais chúrsaíochta, éadála, catalógaithe agus riaracháin i gceist, i ndáil le cur i bhfeidhm Sierra.**

Is tuar ré nua maidir le húsáid Leabharlainne é tabhairt isteach an CBL náisiúnta, toisc go mbeidh sé anois de chumas ag úsáideoirí leabharlainne de thoradh an chórais náisiúnta, leabhair a iarraidh ó sheirbhísí eile sa tír agus seirbhísí eile sa tír a úsáid trí bhíthin an chárta bhallraíochta leabharlainne uilíoch.

Tá teacht ag an bpobal ar ríomhairí PC sna brainsí uile cé is moite de Leabharlann an Dún Mhóir Thoir, agus tá WIFI ar fáil in ocht gcinn den aon cheann déag eile. Tá ríomhsheirbhísí a tugadh isteach le gairid ar fáil trí sheirbhísí ríomhaire PC nó WIFI na leabharlainne agus tá fáil ar an gcuid is mó díobh sa bhaile. Áirítear ar na seirbhísí sin r-leabhair, leabhair r-fuaime, irisí ar líne, rogha leathan de chúrsaí oideachais féin-fhoghlama maille le cúrsaí i bhfoghlaim teanga.

Áirítear ar na seirbhísí TFC a cuireadh ar fáil le gairid sna brainsí féin, áiseanna priontála féinseirbhíse agus áiseanna fótachóipeála agus scanta i gceithre bhrainse agus tá áiseanna priontála ar fáil don phobal i sé bhrainse.

Tá de bhuntáiste breise ag na háiseanna sin go bhfuil cianrochtain orthu trí chárta ballraíochta úsáideoir leabharlainne, rud a théann chun feabhais na seirbhísí priontála atá ar fáil.



## Spásanna Leabharlainne - An Bonneagar atá ann

**Tá 11 bhrainse leabharlainne agus Ceanncheathrú na Leabharlainne ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.**

Maidir leis an stoc foirgníochta is meascán é de idir fhoirgnimh shaintógtha agus fhoirgnimh oiriúnaithe agus tá roinnt foirgneamh stairiúil ann freisin, agus is leabharlanna Carnegie iad an Leabharlann Lárnach, Leabharlann an Leasa Mhóir, Leabharlann Cheapach Choinn agus Leabharlann Thulach an Iarainn. Tá riocht sách maith ar an gcuid is mó den stoc foirgníochta ach mar sin féin, tá roinnt de na foirgnimh leabharlainne sean go leor agus dá réir is dúshlán le sárú é sin ó thaobh obair chothabhála de.

## Líonra Brainse agus Riaracháin

### CEANNCHEATHRÚ NA LEABHARLAINNE


Tá Ceanncheathrú ag an Leabharlann in áitreabh Stór Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge in Eastát Tionsclaíochta an tSínidh Thuaidh ar Sheanbhóthar-Chill Mhíodáin, Cathair Phort Láirge. Bíonn an obair a bhaineann le héadail, le catalógú, le próiseáil ábhair, le hairgeadas, le Leabhair ar iasacht, le Cúlstór, le tionscadail speisialta agus le feidhmeanna bainistithe oibriúcháin ar siúl i gCeanncheathrú na Leabharlainne.

Tá oifig an Leabharlannaí Cathrach agus Contae ansin; tá cúigear ball foirne lánaimseartha agus ball foirne páirtaimseartha amháin ann. Tá thart ar 60,000 earra i mbailiúcháin éagsúla lena n-áirítear Bailiúchán luachmhar maidir le Léann na hÉireann i stór leabhar an Chúlstóir. Tá Ceanncheathrú na Leabharlainne ina mhol lárnach maidir le seachadadh agus le cur i gcúrsaíocht an stoic uile. Cuireann tiománaí veain de chuid na leabharlainne seirbhís seachadta agus bailiúcháin ar fáil do gach leabharlann sa Chathair agus sa Chontae ar bhonn uainíochta laethúil.

### AN LEABHARLANN LÁRNACH

Tá an Leabharlann Lárnach suite i Lána Mhuire i lár Chathair Phort Láirge. Osclaíodh an Leabharlann Carnegie bunaidh in 1904 agus leag Andrew Carnegie an bhunchloch ag searmanas in 1903. Sa bhliain 2004 osclaíodh an Leabharlann Lárnach don phobal; bhí athchóiriú agus leathnú déanta uirthi agus go dtí go raibh 2000 méadar cearnach inti agus 80,000 earra de stoc ina seilbh aici leagtha amach ar thrí urlár.

Tá limistéir tagartha tiomnaithe sa leabharlann agus a mhacasamhail do pháistí agus tá spásanna le haghaidh cruinnithe inti chomh maith. Tá bailithe in aon áit amháin, sa Seomra Staidéir Áitiúil ar an gcéad urlár; bailiúchán cuimsitheach de leabhair, d'earraí ilmheán agus de mhicreascannáin, agus tá teacht ann ar iomad ríomhairí. Ghnóthaigh an Leabharlann Lárnach an Gradam CILIP in 2005. Cuireadh leis na seirbhísí sa Leabharlann Lárnach sa tslí is go bhfuil



anois san áireamh orthu an tIonad Europe Direct don Oirdheisceart, Bailiúchán cuimsitheach maidir le cúrsaí Gnó agus an Gailearaí Index, is é sin spás gailearaí atá curtha in áirithe i gcónaí agus atá oscailte do chách. Tá Wifi agus priontáil féin-seirbhíse, áiseanna scanta agus faics ar fáil sa Leabharlann Lárnach. Déantar an tSeirbhís Scoileanna d'oirthear an Chontae a riar ón Leabharlann Lárnach.

Tá lánáisiúlacht ag baint le foirgneamh na Leabharlainne Lárnai mar atá doirse uathoibríocha isteach, ardaitheoir agus leithris inrochtana.

Ghnóthaigh an Leabharlann Lárnach Gradam Inrochtaineachta NDA in 2007. Tá ballraíocht de 5238 ag an Leabharlann Lárnach; in 2015 d'eisigh sí 132,819 n-earra, bhí sí ina hóstach do nach mór 600 ceann d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí agus tháinig 171,037 ar cuairt go dtí iad. Bíonn an Leabharlann Lárnach oscailt 6 lá sa tseachtain ó Luan go Satharn, agus go dtí go déanach san oíche uair sa tseachtain. Tá sé i gceist go suiteálfar an teicneolaíocht féinseirbhíse RFID sa Leabharlann Lárnach laistigh de shaolré an Phlean Forbartha seo.

## LEABHARLANN DHÚN GARBHÁN

Tá Leabharlann Dhún Garbhán suite ar urlár na sráide de Chois Mara; muileann agus stór gráin a bhí ann tráth dá raibh, a leagadh chun talaimh agus a tógadh in athuair mar chuid de Scéim Athnuachana Uirbeach Dhún Garbhán. Tá an leabharlann i gcroílár forbraíocht mhór chónaithe agus tráchtála níos mó ar na céanna. Tá éadan an fhoirgnimh gloinithe, rud a cheadaíonn do dhoine breathnú isteach agus amach agus tá an radharc amach ar Chois Abhann uathúil.

Is í seo an leabharlann is mó agus is gnóthaí in iarthar an chontae agus bhí sí chun tosaigh maidir le forbairt bailiúchán agus staidéar áitiúil. Tháinig 100,538 nduine ar cuairt ar an leabharlann in 2015 agus tá níos mó ná 600 m2 de limistéar urláir inti, spás leordhóthanach d'áit faoi leith do pháistí, do limistéir staidéir, agus do bhailiúchán cuimsitheach d'ábhar iasachtaithe, tagartha agus d'ábhar luachmhar nach iad a bhaineann le Staidéar Áitiúil. Tá an leabharlann WIFI-cumasaithe agus tá 12 ríomhaire inti a bhfuil teacht acu ar an idirlíon. Tá áiseanna priontála agus scanta féinseirbhíse ar fáil freisin. Feidhmíonn an leabharlann Seirbhís do Scoileanna Iarthar an Chontae agus cuireann seirbhísí for-rochtana ar fáil do réamhscoileanna, d'ospidéil áitiúla agus do thithe altranais agus bíonn sí ina hóstach do thaispeántais ealaíne iomadúla agus d'imeachtaí do idir dhaoine fásta agus pháistí gach bliain. Tá ballraíocht de 3752 ag Leabharlann Dhún Garbhán; in 2015 d'eisigh sí 113647 n-earra, bhí sí ina hóstach do nach mór 700 ceann d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí agus tháinig 100538 nduine ar cuairt.

Bíonn Leabharlann Dhún Garbhán ar oscailt cúig lá sa tseachtain ó Dé Máirt go dtí Dé Satharn, go dtí go déanach san oíche uair sa tseachtain agus ar feadh am lóin chomh maith gach lá. Tá sé i gceist go bhorbrófar Leabharlann Dhún Garbhán mar Leabharlann Oscailte laistigh de shaolré an Phlean Forbartha.



## LEABHARLANN ARD CAOIN

Osclaíodh Leabharlann Ard Caoin i 2002 mar fhreagairt ar leathnú tapa limistéar bruachbhaile Ard Caoin ar imeall Chathair Phort Láirge. Tá Leabharlann Ard Caoin suite ar an gcéad urlár d'Ionad Siopadóireachta Ardkeen agus cuirtear rogha leathan stoic ar fáil inti chomh maith le limistéar do pháistí, limistéar ríomhaire agus WIFI, áiseanna priontála agus scanta féinseirbhíse. Is ionad lánáisiúlach é Leabharlann Ard Caoin a bhfuil teacht uirthi ó urlár na talún le hardaitheoir. Tá ballraíocht de 3705 ag Leabharlann Ard Caoin, in 2015 d'eisigh sí 117582 earra, bhí sí ina hóstach do nach mór 389 gcinn d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí. Tháinig 101863 dhuine ar chuairt go dtí Leabharlann Ard Caoin in 2015.Bíonn Leabharlann Ard Caoin ar oscailt 6 lá sa tseachtain ó Luan go Satharn agus go dtí go déanach san oíche uair sa tseachtain.

## LEABHARLANN THRÁ MHÓR

Tógadh an Leabharlann seo in 1984 chun freastal a dhéanamh ar dhaonra de 6,121 agus anois cuirtear seirbhís ar fáil inti do dhaonra uirbeach de níos mó ná 10,000*****. Tá ballraíocht de 2728 ag Leabharlann Thrá Mhór; d'eisigh sí 71732 earra in 2015, bhí sí ina hóstach do nach mór 278 gcinn d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí; tháinig 54891 ar cuairt go dtí í.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar an bhfoirgneamh in 2008 tar éis suiteáil ardaitheora nua lánáisiúla agus

***** Daonáireamh CSO 2011

rampa seachtraigh, ag deireadh na bliana 2007, mar chuid de Phlean Forfheidhmithe Inrochtaine Chomhairle Contae Phort Láirge. Chomh maith le dhá ríomhaire dhéag atá ceangailte leis an idirlín tá seirbhís fótachóipeála, faics, lannaithe agus áiseanna priontála ar fáil sa leabharlann. Reáchtálann foireann na Leabharlainne ocht ngrúpa léitheoireachta do dhaoine fásta agus grúpa amháin do pháistí agus bíonn siad gníomhach i bhforbairt cúrsaí léitheoireachta trí bhíthin údar leabhair a theacht ar cuairt agus gníomhaíochtaí cur chun cinn léitheoireachta eile.

Baineann mórchuid den phobal áitiúil úsáid as an leabharlann mar spás cruinnithe. Tá limistéar spáis tiomnaithe do dhéagóirí, Teenspace, ag an leabharlann a dearadh i ndiaidh dul i gcomhairle le déagóirí tríd an mBrainse Foróige áitiúil. Bíonn Leabharlann Thrá Mhór ar oscailt 5 lá sa tseachtain ó Luan go hAoine agus go dtí go déanach san oíche uair sa tseachtain.

## LEABHARLANN AN LEASA MHÓIR

Tá Leabharlann Phoiblí Leasa Mhóir bunaithe i bhfoirgneamh sa stíl Neo-Tudor a tógadh in 1910. Is foirgneamh aon stóir sin agus tá leatháiléar aige. Tá an maisiú plástair múnlaithe agus na bíomaí nochta bunaidh coinníthe slán ar an taobh istigh. Baineadh úsáid as an bhfoirgneamh mar leabharlann go leanúnach ó tógadh é agus tá sé suite i dtailte atá tírdhreachtaithe go huile.

Rinne an braon anuas, ar chúis leis uchtbhallaí an dín bheth ag ligean uisce agus an meath ar an bhfleascadh luaidhe, damáiste do chreatlach inmheánach an fhoirgnimh le bliain anuas. Beidh obair á déanamh chun an dochar a leigheas thar thréimhse an Phlean Forbartha. Tá luach suntasach stairiúil agus ailtireachta ag baint leis an bhfoirgneamh. Tá 3 pointe rochtana phoiblí don idirlín inti, 852 bhall, eisíodh 22,613 earra stoic, agus bhíothas ina óstach do 224 cinn d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí in 2015. Tháinig 24,252 dhuine ar cuairt inti sa bhliain sin. Bíonn Leabharlann an Leasa Mhóir ar oscailt 5 lá sa tseachtain, ó Luan go hAoine.

## LEABHARLANN BHÓTHAR DE BRÚN

Leabharlann bhrainse pháirtaimseartha is ea Leabharlann Bhóthar de Brún atá suite ar imeall Chathair Phort Láirge. Is Leabharlann bheag pobail atá inti, a mbaineann mórchuid den daonra áitiúil úsáid aisti; rinneadh an leabharlann a uasghrádú in 2006 d'fhonn áiseanna iontrála agus leithris inrochtana a chur isteach. Tá ballraíocht de 515 ag Leabharlann Bhóthar de Brún; d'eisígh sí 113647 n-earra, bhí sí ina hóstach do nach mór 152 cheann d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí agus tháinig 18861 duine ar cuairt inti in 2015.Bíonn Leabharlann Bhóthar de Brún ar oscailt 3 lá sa tseachtain.

## LEABHARLANN CHOILL MHIC THOMÁISÍN

Osclaíodh an leabharlann bhrainse pháirtaimseartha seo sa bhliain 2003 agus tá sí suite i lár na cathrach ar urlár na sráide d'fhoirgneamh dhá stór ar léas. Osclaíodh an leabharlann in athuair in 2013 sa teach cúirte athchóirithe, atá faoi úinéireacht na Comhairle ar an taobh eile den tsráid chéanna, agus is í anois an t-aon áititheoir amháin san fhoirgneamh sain-athchóirithe sin.

Tá raon roghnaithe stoic sa Leabharlann agus teacht inti ar an idirlín saor in aisce. Baineann an pobal áitiúil úsáid freisin as an leabharlann mar ionad cruinnithe

le haghaidh ceolchoirmeacha tráthnóna a bhíonn ar siúl i míonna an tsamhraidh. Bíonn sí ar oscailt 3 lá sa tseachtain agus go dtí go déanach san oíche uair sa tseachtain. Tá 332 bhall ag an leabharlann agus d'eisigh sí 8389 n-earra stoic in 2,015-don 10,197 nduine a tháinig ar cuairt inti.

## LEABHARLANN PHORT LÁCH

Osclaíodh an leabharlann shaintógtha i bPort Lách in 1988.A bhuíochas an dearaidh ailtireachta ar leith atá ag an leabharlann tá sí chomh tarraingteach céanna is a bhí sí riamh agus tá sí ina hionad lárnach maidir le sráid-dreach na cearnóige. Tagann grúpaí léitheoireachta d'idir dhaoine fásta agus pháistí le chéile sa leabharlann agus bíonn dlúththeagmhas aici le bunscoileanna áitiúla. Bíonn an brainse leabharlainne ina óstach d'imeachtaí le haghaidh fhéile leabhar na bPáistí agus fhéile na Bealtaine agus baineann cuimse daoine úsáid as an tseirbhís idirlín saor in aisce. Tá an leabharlann suite ag croílár an phobail, is ionad cruinnithe í d'fhoghlaimeoirí fásta agus cuirtear fáilte roimh chách inti. Bíonn sí ar oscailt 3 lá sa tseachtain agus go dtí go déanach san oíche uair sa tseachtain. Tá 368 mball ag an leabharlann agus d'eisigh sí 9714 earra stoic in 2,015-don 12510 duine a tháinig ar cuairt inti.

## LEABHARLANN AN DHÚN MHÓIR THOIR

Tá Leabharlann An Dhún Mhóir Thoir a osclaíodh sa bhliain 1985 suite i Halla na nIascairí, foirgneamh stairiúil sa Bhaile Uachtarach.  Rinneadh obair athchóiriúcháin ar ionad na leabharlainne sa bhliain 2008, agus arís sa bhliain 2015. Tá 81 duine ina mball de Leabharlann Dhún Mór inar eisíodh 1910 earra i rith na bliana 2015 nuair a tháinig duine isteach 1296 uair.  Bíonn an Leabharlann ar oscailt ar feadh deich n-uaire a chloig in aghaidh na seachtaine ar an gCéadaoin agus ar an Satharn.

## LEABHARLANN CHEAPACH CHOINN

Tá Leabharlann Cheapach Choinn ar cheann de Leabharlanna Carnegie a osclaíodh sa bhliain 1911 i bhfoirgneamh ar dhéanamh stíl Queen Anne. Tá fuinneog mhór oiriail ar an gcéad stór agus tá cuid mhór de na bunghnéithe ailtireachta ar fáil go fóill.  Tá an bealach isteach áisiúil ag cách, tá láthair fhairsing taispeántais thuas staighre agus tá trí cinn de ríomhairí ar fáil ag daoine den phobal ag ar féidir leo an t-idirlíon a cheadú.

Rinneadh obair athchóiriúcháin ar an gclós taobh amuigh agus ar an díon i rith na mblianta 2014/2015, agus tá obair sa bhreis air sin beartaithe i rith ré feidhme an Phlean seo i ndáil leis na ballaí taobh istigh, an leithreas agus spás na foirne.  Tá an leabharlann suite i lár an bhaile, rud a fhágann gur furasta do dhaoine fásta agus do leanaí úsáid a bhaint aisti.  Tá 186 duine ina mball den leabharlann, eisíodh 4922 earra stoic i rith na bliana 2015 nuair a tugadh 7553 cuairt ar an ionad.  Bíonn an leabharlann ar oscailt 3 lá in aghaidh na seachtaine.

## LEABHARLANN THULACH AN IARAINN

Leabharlann aon stór amháin de chuid Carnegie atá in Leabharlann Thulach an Iarainn a tógadh sa bhliain 1910. Rinneadh obair athchóiriúcháin sa bhliain 2002. Tá gá le hobair mhór athchóiriúcháin ar an leithreas agus ar áiseanna na foirne, ar na ballaí taobh istigh agus ar an gcóras teasa.

Tá 133 duine ina mball den leabharlann agus eisíodh 1870 earra stoic i rith na bliana 2015 nuair a tugadh 2205 cuairt ar an ionad. Chomh maith le réimse faoi

leith do na leanaí, tá dhá dheis ceangal leis an idirlíon sa leabharlann chomh maith le raidhse ábhar eolais don phobal. Bíonn Leabharlann Thulach an Iarainn ar oscailt dhá lá in aghaidh na seachtaine.

### LEABHARLANN CHARRAIG PHIARAIS

Tá Leabharlann Charraig Phiarais suite sna bruachbhailte siar ó thuaidh as cathair Phort Láirge.

Tá an leabharlann i gceantar atá idir an chathair agus ceantair tuaithe an chontae agus tá freastal á dhéanamh ar réimse fairsing tíre. Tá Leabharlann Charraig Phiarais ar ghné amháin d'ionad ina ndearnadh forbairt faoi leith. Níl aon leabharlann eile ar fud an chontae ceangailte le dhá scoil agus le halla spóirt atá le húsáid ag daltaí scoile agus ag an bpobal araon. Tugadh an obair thógála ar an gcampas chun críche i mí Lúnasa 2015 agus tá Leabharlann Charraig Phiarais le hoscailt i ndeireadh na bliana 2016. Tá córas RFID ar fáil sa leabharlann le dhá phointe féinfhreastail maidir le hearraí a eisiúint agus a thabhairt ar ais. Tá réimse leathan den chéad stór i leataobh do leanaí agus do dhaoine óga, rud a bhfuil ciall leis agus dhá bhunscoil in aice láthair chomh maith le cuid mhór daoine óga ina gcónaí sa cheantar. Tá seomra closamhairc sa leabharlann leis ann uile chineál trealaimh ionas go bhfuil sé oiriúnach le haghaidh léachtaí, cainteanna, cúrsaí oideachais agus cruinnithe. Gné shuntasach de chuid na leabharlainne an spás le haghaidh úsáid an phobail; bíonn an spás sin ar fáil le haghaidh ranganna, cruinnithe pobail agus gníomhartha do leanaí. Tá ionad gnó sa leabharlann freisin is féidir a chur in áirithe do chruinnithe beaga.

Beidh ceangal Wifi ar fáil ar fud réimse iomlán na leabharlainne, chomh maith le ceangal leis an idirlíon ar na ríomhairí atá feistithe ar bhoird agus ar ríomhairí glúine ar fud an árais. Beidh córas priontála féinfhreastail ar fáil thíos staighre.

## Cúrsaí Cistíochta

**Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge a chuireann ciste ar fáil do Sheirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus gnóthaítear suim bheag ó phriontáil agus ó fhíneálacha. Cuirtear cabhair deontais faoi leith ar fáil maidir le hionad eolais Europe Direct.**

I rith na bliana 2016 tharla caiteachas caipitil maidir le Leabharlann Charraig Phiarais, infheistíocht sa chóras RFID agus an fhorbairt i nDún Garbhán i ndáil le Leabharlann Oscailte.

| BUISÉAD IONCAIM CEADAITHE | 2015 | 2016 |
|---|---|---|
| Cúrsaí Oibriúcháin na Seirbhíse Leabharlannaíochta | €2,878,143 | €2,721,258 |
| Ciste Leabhar | €195000 | €425,000* |
| **IOMLÁN** | **€3073143** | **€3146258** |

**Tugtar san áireamh suim aon uaire dar luach 230,000 maidir le stoc ábhair don leabharlann nua i gCarraig Phiarais*

## Bearta a Baineadh Amach maidir le Forbairt na Leabharlainne

**Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn ré feidhme na bpleananna forbartha faoi leith i ndáil le Seirbhísí Leabharlannaíochta na Cathrach agus an Chontae a chuaigh roimh an bplean seo:**

- Cónascadh na Seirbhísí Leabharlannaíochta faoi

leith a bhí ag na seanúdaráis gur cruthaíodh seirbhís nua agus gur coinníodh córas iomlán na mbrainsí ar bun.

- Forás, ó tharla an cónascadh, maidir le líon na mball sa leabharlann, le líon na gcuairteoirí agus le líon na n-earraí as an stoc a tugadh ar iasacht.
- An obair thógála ar Leabharlann Charraig Phiarais a thabhairt chun críche, stoc a sholáthar do Leabharlann Charraig Phiarais agus fearas a fheistiú i Leabharlann Charraig Phiarais.

| BLIAIN | CUAIRTEOIRÍ | EARRAÍ A EISÍODH | LÍON NA MBALL |
|---|---|---|---|
| **2014** | 468497 | 509915 | 15095 |
| **2015** | 505203 | 514062 | 17896 |

- An córas Sierra, an Córas Bainistíochta Náisiúnta maidir le leabharlanna a chur i bhfeidhm ar fud na mbrainsí ar fad.
- Polasaí maidir le Forbairt an Bhailiúcháin a cheapadh agus a chur i bhfeidhm agus an fhorbairt ar stoc na mbrainsí ar fad a dhéanamh ar bhealach lena gcinntítear bailiúchán stuama staidéarach agus beo ciallmhar a bheith ar fáil i ngach brainse faoi leith.
- Infreastruchtúr TE a fhorbairt i ngach ceann de na brainsí ionas gur cuireadh córas WIFI agus deis ag daoine den phobal ar ríomhairí boird nó ar ríomhairí glúine ar fáil chomh maith le córas priontála agus scanála féinfhreastail a chur ar fáil sna brainsí is mó.
- Snuggle Stories, Tionscnamh Litearthachta Luathóige, a chur i bhfeidhm go sásúil i gcomhar le CYSPC ionas go gcuirtear pacáiste saor in aisce, lenar bhain ballraíocht sa leabharlann agus leabhair do thosaitheoirí, ar fáil do gach leanbh a thagann ar an saol i bPort Láirge tráth a ndéantar an seiceáil sláinte orthu agus iad naoi mí d'aois; cuireadh 1700 pacáiste ar fáil i rith na bliana 2016.
- Glacadh páirt sa tionscnamh píolótach maidir le Gnó, Fiontraíocht agus Fostaíocht a chur chun cinn sna Leabharlanna agus roghnaíodh Seirbhís Leabharlannaíochta Phort Láirge chun páirt a ghlacadh sa Dara Céim den togra.

## Buíochas

**Is mian le Seirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge buíochas a ghlacadh leis na daoine agus na dreamanna seo a leanas a chuidigh leis an bplean forbartha seo a chur i dtoll a chéile:**

- Comhaltaí Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.
- Choiste Polasaí Straitéise Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge maidir le Cúrsaí Tithíochta, Pobail, Cultúir, Spóirt agus Caitheamh Aimsire.
- Muintir Phort Láirge.
- Foireann Sheirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Chathrach Phort Láirge agus Chomhairle Chontae Phort Láirge.
- Maureen Gilbert.
- Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge.
- Foireann Thairiscint na dTriúr Deirfiúracha.
- Oifig Ealaíne Chomhairle Cathrach Phort Láirge agus Chomhairle Chontae Phort Láirge.
- Aonad Forbairt Eacnamaíochta Chathair agus Chontae Phort Láirge.
- Coiste Chúram Linbh Chathair agus Chontae Phort Láirge.

# Aguisín 1

## SWOT

**Rinneadh anailís SWOT (strengths, weaknesses, opportunities agus threats an Bhéarla) maidir leis an bPlean Forbartha seo ag ceann de na cruinnithe comhairliúcháin leis an bhfoireann i ndáil le hullmhú an Phlean.**

### BUA

- Infreastruchtúr leathanréimseach.
- Foireann atá gairmiúil, cineálta, sásta dul in oiriúint agus den mheon seirbhís phoibl a dhéanamh.
- Béim láidir ar chúram a dhéanamh den chustaiméir.
- Áiseanna taighde sármhaithe maidir le stair an cheantair agus cúrsaí ginealais.
- Stoc ar ardchaighdeán - den chuid is deireanaí agus i bhformáidí éagsúla.
- Córas Bainistíochta Leabharlainne atá éifeachtach agus ar ardchaighdeán.
- Uaireanta Oscailte - Go maith.
- Comhar páirtnéireachta den rath le seribhísí ealaíne agus cartlannaíochta agus le heagraíochtaí cultúir agus pobail eile.
- Forbairt theicniúil agus cúnamh taca maidir le cúrsaí teicneolaíochta.
- Forbheartach maidir le himeachtaí agus gníomhartha a eagrú.

### BAGAIRT

- Cosc maidir le hearcú lucht foirne nó duine a cheapadh in ionad bhall foirne.
- Ciorrú maidir le cistí do leabhair agus acmhainní eile.
- Ciorrú maidir le buiséid oibriúcháin.
- Baill foirne agus forbairt foirne in iarthar an Chontae - easnamh.
- Easnamh maidir le gnóthaí margaíochta.

### LAIGE

- Easnamh ó thaobh acmhainní leordhóthanacha foirne agus struchtúr acmhainní d'fhágfadh go bhféadfaí forás agus leathnú suntasach a dhéanamh.
- Easnamh ó thaobh deiseanna oiliúna i scileanna leabharlannaíocht agus faisnéise don fhoireann.
- Muirir ioncaim leanúnacha.
- Teip ó thaobh lucht úsáide mar dheis caitheamh aimsire a mhealladh.
- Easnamh ó thaobh clis i dtaobh coinneáil bord ar bhord leis an bhforbairt shóisialta agus an t-athrú ar riachtanais athraitheacha an lucht úsáide a thabhairt chun suntais, mar shampla, tosca maidir le cúrsaí ilchultúir, formáidí nua faisnéise agus eile.
- Easpa margaíochta.
- Easnamh ó thaobh cistíochta.

### DEIS

- Fuinneamh agus lón taithí a ghnóthaítear tríd an bpleanáil agus an obair bainistíochta maidir le forfheabhsú ar an mbonneagar reatha.
- An Leabharlann nua i gCarraig Phiarais.
- Scóip forbartha trí rannpháirtíocht i gcláir faoi Dheiseanna do Chách.
- Fágfaigh an Plean Forbartha maidir leis an tSeirbhís Leabharlannaíochta a shlánchóiriú leis an bPlean Corparáide gur féidir leis an tseirbhís leabharlannaíochta leanacht ar aghaidh leis an ról mar lárionad eolais agus faisnéise i measc an phobail agus cur leis an ról sin trí leathnú ar na leibhéil den eolas áitiúil a chuirtear ar fáil tríd an leabharlann agus trí shlánchóiriú níos dlúth le seirbhísí cultúir eile taobh istigh de limistéir an údaráis áitiúil.

# Aguisín 2

## PESTLE

**Rinneadh anailís PESTLE (tosca a imríonn tionchar ar oibriú na Seirbhíse Leabharlannaíochta faoi na ceannteidil Political, Economic, Social, Technological, Legal agus i mBéarla) ag ceann de na cruinnithe comhairliúcháin leis an bhfoireann.**

| | |
|---|---|
| CÚRSAÍ POLAITÍOCHTA | Cáipéisí Beartais, Deiseanna do Chách, maidir leis an leabharlann phoiblí mar spreagadh maidir le forbairt eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir, tá tionchar aige sin ar an dul chun cinn maidir le forbairt na seirbhíse. Tús Áite don Duine - Plean Gníomhaíochta maidir le Rialtas Áitiúil Éifeachtach Programme - tá baint ag na leabharlanna le gnéithe de chláir náisiúnta maidir le hoideachas, cúrsaí pobail agus cúrsaí eacnamaíochta a thabhairt i gcrích. An bhainistíocht maidir le Seirbhísí Éifeachtúla Leabharlannaíocht a thabhairt i gcrích - tá tionchar aige seo maidir le líon na mball foirne ag na seirbhisí leabharlannaíochta. Faoi Chultúr 2025- feictear go bhfuil leabharlanna ar an bpointe cultúir is áisiúla agus moltar rannpháirtíocht níos forleithne. |
| CÚRSAÍ EACNAMAÍOCHTA | Margaí Idirnáisiúnta a mbíonn tionchar acu ar eacnamaíocht na hÉireann agus tionchar dá réir sin arís ar bhuiséid ar an leibhéal áitiúil. Soláthar áitiúil agus náisiúnta ar earraí agus ar sheirbhísí ionas gur féidir an luach is fearr, lascaine agus seirbhísí breisluacha a fháil. Cuireann an bhallraíocht náisiúnta saor in aisce isteach ar acmhainn na Seirbhíse Leabharlannaíochta teacht isteach a ghnóthú. Is féidir, trí chomhar páirtnéireachta le heagraíochtaí tráchtála teacht isteach agus cúiteamh de chineálacha eile a ghnóthú. |
| CÚRSAÍ SÓISIALTA | Éilítear seirbhísí speisialta a fhorbairt mar gheall ar líon na ndaoine i measc an phobail atá ag dul in aois. Fágann an t-athrú ar an timpeallacht shóisialta gur tábhachtaí a bheidh leabharlanna maidir le hionad sósialta caidrimh agus comhcheangail. Le Leabharlann Oscailte a thabhairt isteach, beidh úsáid níos forleithne á bhaint as brainsí ar feadh tréimhsí ama níos faide. |
| CÚRSAÍ TEICNEOLAÍOCHTA | Díríonn an timpeallacht athraitheach teicneolaíochta aird ar an leabharlann mar ionad ina gcuirtear acmhainní sa timpeall seachas iad a bheith faoi úinéireacht phríobháideach. Cuireann an dul chun cinn teicneolaíochta leis an timpeallacht fhíorúil i spás na leabharlainne atá ar fáil ag an uile dhuine mar gheall ar bhallraíocht in aisce. Fágfaidh an Córas Náisiúnta maidir le Bainistíocht Leabharlainne gur féidir úsáid a bhaint ar fud na tíre as an leabharlann mar áis náisiúnta. |
| CÚRSAÍ DLÍ | Goilleann an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an gcaoi a bhfreagraítear iarratais ar fhaisnéis faoin gcóras SF. Leagtar freagracht orainn faoin reachtaíocht maidir le Cosaint Sonraí i ndáil leis an eolas a thugann baill na Leabharlainne dúinn a choinneái lar chaoi shábháilte. Tagann an oiliúint a chuirtear ar bhaill na foirne, ar oibrithe deonacha agus ar dhaoine ar shocrúchán oibre faoi anáil na reachtaíochta maidir le cosaint an linbh agus dhaoine fásta a bheadh i gcontúirt. Is de réir na rialachán maidir le cúrsaí soláthair a dhéanfar tairiscintí maidir le hearraí agus le seirbhísí. |
| CÚRSAÍ TIMPEALLACHTA | Tarlaíonn dochar d'fhoirgnimh mar gheall ar chúrsaí aimsire nach féidir a thuar. Tá bagairt sa drochaimsir don cheangal leis an idirlíon trí chrainn agus d'fhéadfadh nach mbeadh seirbhís ar fáil an tráth a mbeadh gaoth mhór ag séideadh nó é ina stoirm. Fágann polasaithe "glasa" a d'aontaigh Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge gur féidir seifteanna atá níos éadroime ó thaobh na timpeallachta a thapú maidir le priontáil. Cruthaítear timpeallacht níos sábháilte agus níos folláine trí pholasaithe maidir le cúram don chustaiméir. |

## Aguisín 3

### TORTHAÍ SUIRBHÉIREACHTA (IDIR SHUIRBHÉ CLÓITE AGUS SHUIRBHÉIREACHT IDIRLÍN)

Líon na suirbhéanna clóite a cuireadh ar ais: **238** Líon na suirbhéanna idirlín a cuireadh ar ais: **75**
Líon iomlán na suirbhéanna a cuireadh ar ais: **313**

| C1: An bhfuil tú i do bhall den leabharlann? | IOMLÁN | (Freagraí: 309) |
|---|---|---|
| Táim | **292** | 94.50% |
| Nílim | **12** | 3.88% |
| Ballraíocht ligthe i léig – is fada ó d'úsáid mé an leabharlann | **5** | 1.62% |

| C2: Cén leabharlann / cé na leabharlanna is minice leat a úsáid? | IOMLÁN | (Freagraí: 305) |
|---|---|---|
| An Leabharlann Lárnach | **88** | 28.85% |
| Leabharlann Ard Caoin | **81** | 26.56% |
| Leabharlann Bhóthar an Bhrúnaigh | **20** | 6.56% |
| Leabharlann Cheapach Choinn | **15** | 4.92% |
| Leabharlann Dhún Garbháin | **83** | 27.21% |
| Leabharlann an Dún Mhóir Thoir | **9** | 2.95% |
| Leabharlann Chill Mhic Thomáisín | **5** | 1.64% |
| Leabharlann an Leasa Mhóir | **34** | 11.15% |
| Leabharlann Phort Lách | **1** | 0.33% |
| Leabharlann Thulach an Iarainn | **7** | 2.30% |
| Leabharlann Thrá Mhór | **41** | 13.44% |
| Eile *(tugtar sonraí le do thoil) | **1** | 0.33% |

**Ros Mhic Thriúin*

| C3: Cé chomh minic agus a úsáideann tú an leabharlann? | IOMLÁN | (Freagraí: 306) |
|---|---|---|
| Gach lá | **26** | 8.50% |
| Gach seachtain | **118** | 38.56% |
| Gach coicís | **51** | 16.67% |
| Gach mí | **34** | 4.92% |
| Cúpla uair sa bhliain | **14** | 11.11% |
| Ní úsáidim an leabharlann riamh | **0** | 27.21% |

### C4: Cé chomh tábhachtach agus atá na seirbhísí leabharlannaíochta seo a leanas?

| | An-tábhachtach | Tábhachtach | Beagán Tábhachtach | Neamh-thábhachtach | Níl a fhios agam | Iomlán na bhFreagraí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Leabhair nua d'ardchaighdeán | **181 (63.96%)** | 81 (28.98%) | 18 (6.36%) | 1 (0.35%) | 1 (0.35%) | 283 |
| Lucht Foirne Cairdiúil | **202 (71.63%)** | 76 (26.95%) | 4 (1.42%) | | | 282 |
| Ceangal leis an Idirlíon | **100 (38.02%)** | 61 (23.19%) | 42 (15.97%) | 58 (22.05%) | 2 (0.76%) | 263 |
| Imeachtaí/ Cainteanna | 39 (15.60%) | **88 (35.20%)** | 74 (29.60%) | 44 (17.60%) | 5 (2%) | 250 |
| Ríomhairí, Innill Cló & Fótachóipeála | **92 (34.46%)** | 76 (28.46%) | 39 (14.61%) | 60 (22.47%) | | 267 |
| Seirbhísí do Leanaí | **108 (43.90%)** | 52 (21.14%) | 22 (8.94%) | 57 (23.17%) | 7 (2.85%) | 246 |
| Cabhair maidir le ríomhairí, innill cló srl. a úsáid | **70 (28.23%)** | 69 (27.82%) | 43 (17.34%) | 65 (26.21%) | 1 (0.40%) | 248 |
| Seomraí Staidéir/Ionaid Léitheoireachta srl. | 55 (22.27%) | **78 (31.58%)** | 47 (19.03%) | 66 (26.72%) | 1 (0.40%) | 247 |
| Seomraí Cruinnithe | 21 (9.17%) | 44 (19.21%) | 61 (26.64%) | **90 (39.30%)** | 13 (5.68%) | 229 |
| Seirbhísí Idirlín (láithreán gréasáin, catalóg) | **86 (35.39%)** | 72 (29.63%) | 68 (27.42%) | 51 (20.56%) | 4 (1.61%) | 248 |
| r-Leabhair, r-Leabhair Fuaime, Irisí ar an Idirlíon | 50 (20.16%) | **75 (30.24%)** | 68 (27.42%) | 51 (20.56%) | 4 (1.61%) | 248 |
| Nuachtáin & Irisí | 75 (29.53%) | **82 (32.28%)** | 56 (22.05%) | 38 (14.96%) | 3 (1.18%) | 254 |
| Eolas maidir le Cúrsaí Gnó | 26 (10.88%) | 54 (22.59%) | 58 (24.27%) | **94 (39.33%)** | 7 (2.93%) | 239 |
| Eolas maidir le Cúrsaí Gairme & CV | 38 (15.97%) | 45 (18.91%) | 50 (21.01%) | **95 (39.92%)** | 10 (4.20%) | 238 |
| Staidéar ar an gCeantar / Eolas maidir le Cúrsaí Ginealais | 53 (21.37%) | **79 (31.85%)** | 52 (20.97%) | 57 (22.98%) | 7 (2.82%) | 248 |
| Eolas & Imeachtaí maidir le Europe Direct | 29 (11.93%) | 53 (21.81%) | 73 (30.04%) | **74 (30.45%)** | 14 (5.76%) | 243 |

## C5: Conas a fhaigheann tú amach faoi imeachtaí sa leabharlann go hiondúil?

| | IOMLÁN | (Freagraí: 295) |
|---|---|---|
| Teachtaireacht ríomhphoist ón leabharlann | **24** | 8.14% |
| Teachtaireacht téacs ón leabharlann | **46** | 15.59% |
| Láithreán Gréasáin na Leabharlainne | **38** | 12.88% |
| Na meáin shóisialta (Facebook & Twitter na leabharlainne) | **14** | 4.75% |
| An Páipéar Nuachta Áitiúil | **69** | 23.39% |
| Nuachtlitir na Leabharlainne | **21** | 7.12% |
| Comharthaí nó Bileoga sa Leabharlann | **109** | 36.95% |
| Foireann na Leabharlainne | **87** | 29.49% |
| Níl a fhios agam | **12** | 4.07% |
| Eile *(tugtar sonraí le do thoil) | **3** | 1.02% |
| Scéal ó bhéal | **65** | 22.03% |

**Meáin Áitiúla*

## C9: Cad a thagann idir tusa agus an leabharlann a úsáid?

| | IOMLÁN | (Freagraí: 55) |
|---|---|---|
| Táillí Ballraíochta | **5** | 9.09% |
| Fíneálacha Leabharlainne | **7** | 12.73% |
| Ní léighim leabhair | **1** | 1.82% |
| Ní bhíonn am agam dul chuig an leabharlann | **15** | 27.27% |
| Níl aon spás páirceála ar fáil ag an leabharlann is gaire dom | **9** | 16.36% |
| Tá sé deacair dul chomh fada leis an leabharlann is gaire dom | **3** | 5.45% |
| Eile* (tugtar sonraí le do thoil) | **15** | 27.27% |

**Níl am agam chun léamh*
**Tiomantais Teaghlaigh*
**Easpa uaireanta oscailte*

## Sonraí Teagmhála



**AN LEABHARLANN LÁRNACH**
Lána Mhuire, Port Láirge.

**CENTRAL LIBRARY**
Lady Lane, Waterford.

0761 10 2975
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN THRÁ MHÓR**
Sráid an Mhargaidh, Trá Mhór,
Contae Phort Láirge.

**TRAMORE LIBRARY**
Market Street, Tramore,
Co. Waterford.

0761 10 2594
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN DHÚN GARBHÁN**
Ché Mhic Dháibhéid, Dún Garbhán,
Contae Phort Láirge.

**DUNGARVAN LIBRARY**
Davitt's Quay, Dungarvan,
Co. Waterford.

0761 10 2141
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN AN LEASA MHÓIR**
An tSráid Thiar, Lios Mór,
Co. Phort Láirge.

**LISMORE LIBRARY**
West Street, Lismore, Co.Waterford.

0761 10 2377
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN ARD CHAOIN**
Urlár a hAon,
Ionad Siopadóireachta Ard Chaoin,
Ard Chaoin, Port Láirge.

**ARDKEEN LIBRARY**
1st Floor, Ardkeen Shopping Centre,
Ardkeen, Waterford.

0761 10 2755
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN BHÓTHAR DE BRÚN**
Bóthar de Brún, Port Láirge.

**BROWNS ROAD LIBRARY**
Browns Road, Waterford.

0761 10 2614
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN CHOILL MHIC THOMÁISÍN**
Príomhshráid, Coill Mhic Thomáisín,
Contae Phort Láirge.

**KILMACTHOMAS LIBRARY**
Main Street, Kilmacthomas,
Co.Waterford.

051 294270
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN AN DÚN MHÓIR THOIR**
Halla an Iascaire, An Dún Mór Thoir,
Contae Phort Láirge.

**DUNMORE EAST LIBRARY**
Fisherman's Hall, Dunmore East,
Co. Waterford.

051 383211
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN PHORT LÁCH**
An Chearnóg, Port Lách,
Contae Phort Láirge.

**PORTLAW LIBRARY**
The Square, Portlaw, Co. Waterford.

051 387402
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN TULACH AN IARAINN**
Sráid an Chlochair, Tulach an
Iarainn, Contae Phort Láirge.

**TALLOW LIBRARY**
Convent Street, Tallow,
Co. Waterford.


058 56347
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN CHEAPACH CHOINN**
Príomhshráid, Ceapach Choinn,
Contae Phort Láirge.

**CAPPOQUIN LIBRARY**
Main Street, Cappoquin,
Co. Waterford.

058 52263
library@waterfordcouncil.ie



**LEABHARLANN CHARRAIG PHIARAIS**
Bóthar Charraig Phiarais,
Port Láirge.

**CARRICKPHIERISH LIBRARY**
Carrickphierish Road, Waterford.

0761102696
library@waterfordcouncil.ie



## Eagarthóir

- Mary Conway

## Creidmheasanna Íomhá

**Chuir na daoine seo a leanas grianghrafanna ar fáil don doiciméad seo:**

- Patrick Browne
- David Clynch
- Karen Dempsey
- Peter Grogan
- Waterford City and County Council

## Aistrithe go Gaeilge ag Focal Factory

**Aistriúcháin bhreise – Máire Seó Breathnach & Seamus Ó Lonáin, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge**

## Deartha ag TOTEM




Seirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle,
Cathrach agus Contae Phort Láirge,
An Leabharlann Lárnach,
Lána Mhuire, Port Láirge.

**Waterford City and County Council
Library Service, Central Library,
Lady Lane, Waterford.**

library@waterfordcouncil.ie
**0761 10 2975**

WaterfordCouncil.ie
**WaterfordLibraries.ie**

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council